Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Intellectual Property Office of Ireland

# Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
## Tuarascáil Bhliantúil 2022



# Clár Ábhar


| | | |
|---|---|---|
| Brollach | | 1 |
| 1.0 | Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI | 3 |
| 1.1 | Sármhaitheas Oibriúcháin | 3 |
| 1.2 | Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí | 4 |
| 1.3 | Creat dlíthiúil éifeachtach IP | 5 |
| 1.4 | Feasacht agus tuiscint ar chearta IP a chur chun cinn go héifeachtach | 6 |
| 2.0 | Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla | 7 |
| **2.1** | **Paitinní** | **8** |
| 2.1.1 | Iarratais náisiúnta ar phaitinní | 8 |
| 2.1.2 | Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) | 8 |
| 2.1.3 | Paitinní Eorpacha ag ainmniú na hÉireann | 8 |
| **2.2** | **Trádmharcanna agus Dearaí** | **11** |
| 2.2.1 | Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna) agus Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna) | 11 |
| 2.2.2 | Trádmharcanna Idirnáisiúnta | 11 |
| **2.3** | **Iarratais Mhaidrid** | **12** |
| **2.4** | **An t-Irisleabhar Oifigiúil** | **13** |
| 3.0 | Comhoibriú Idirnáisiúnta | 13 |
| 3.1 | Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) | 13 |
| 3.2 | An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO) | 14 |
| 3.3 | Oifig Eorpach na bPaitinní (OEP) | 14 |
| 4.0 | Imeachtaí 2022 | 15 |
| 5.0 | Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta | 17 |
| 5.1 | Clár um Maoin Intleachtúil san Oideachas | 18 |
| 6.0 | Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí | 19 |
| 7.0 | Eagrú Pearsanra | 20 |
| 8.0 | Éifeachtúlacht Fuinnimh | 21 |
| 9.0 | Iniúchadh Inmheánach | 22 |
| 10.0 | Staidreamh Gnó | 23 |
| **10.1.1** | **Paitinní** | **23** |
| 10.1.2 | Iarrataís ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha | 23 |
| 10.1.3 | Clár na nGníomhairí Paitinne | 26 |
| 10.1.4 | Aicmiú ar na paitinní a dheonaigh sa bhliain 2022 dar leis an aicmiú idirnáisiúnta paitinne (AIP) | 27 |
| **10.2** | **Tràd Mharcanna** | **28** |
| 10.2.1 | Aicmiú Trad Mharcanna cláraíodh in 2022 | 29 |
| 10.2.2 | Clár na nGníomhaití Trádmharcanna | 30 |

| | | |
|---|---|---|
| **10.3** | **Dearaí** | **31** |
| 10.3.1 | Dearaí A Cláraíodh Faoi Acht Dearadh Tionsclaíoch, 2001 i Gcaitheamh Na Bliana 2022 | 32 |
| **10.4** | **Cóipcheart** | **33** |
| 10.4.1 | Comhbhainistíocht Ceart (CRM) | 33 |
| 10.4.2 | Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000 | 33 |
| 10.4.3 | Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt | 33 |
| 10.4.4 | Saothair Dhílleachtacha | 34 |
| **11.0** | **An Bosca Forbatha Eolais** | **35** |
| 11.1 | Tuarascáil KDB | 35 |
| **12.0** | **Reachtaíocht** | **36** |
| **13.0** | **Faisnéis Airgeadais** | **37** |
| 13.1 | Fáltais agus Speansais | 38 |
| **14.0** | **Spriocanna Feidhmiúcháin 2022** | **39** |

# Brollach

I gcomhréir le forálacha Alt 103 d'Acht na bPaitinní, 1992, tá an onóir agam mo Thuarascáil Bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2022 Baineann mo Thuarascáil le cur i gcrích mo chuid feidhmeanna reachtúla faoi Acht na bPaitinní, 1992 (arna leasú); an tAcht Trádmharcanna, 1996 (arna leasú); an tAcht um Dhearthaí Tionscail, 2001; an tAcht um Chóipcheart agus Ceart Gaolmhar, 2000; na Rialacha Reachtúla agus Rialacháin éagsúla a rinneadh faoi na hAchtanna seo; agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Deimhniú Forlíontach Cosanta). Tá cinntí faoi na hAchtanna, na Rialacha agus na Rialacháin seo le mo chumas reachtúil, faoi réir cearta áirithe achomhairc chuig an Ard-Chúirt. Cuimsíonn mo Tuairisc freisin tuairisc ar Scéim Dheimhniúcháin KDB mar a éilítear faoi Alt 18 den Acht um Bosca Forbartha Eolais (Deimhniú Aireagán) 2017.

Chomh maith lena chroíghnó arb é an reachtaíocht ábhartha a bhaineann le hiarratais ar chearta maoine intleachtúla (paitinní, deimhnithe forlíontacha cosanta (SPCnna), trádmharcanna agus dearaí tionsclaíocha) a riar agus cláir leictreonacha agus bunachair shonraí na gceart sin a choinneáil, comhlíonann Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) roinnt feidhmeanna oibríochtúla agus rialála lena n-áirítear:

- Imeachtaí a riar os comhair an Rialaitheora maidir le cearta Maoine Intleachtúla lena n-áirítear éisteachtaíar chur i gcoinne clárúcháin trádmharcanna.
- Cláir aturnaetha paitinne agus trádmhairc a choinneáil atá údaraithe oibriú sa Stát.
- Clárú agus tuairisciú comhlíontachta ag comhlachtaí um cheadúnú cóipchirt/eagraíochtaí comhbhainistíochta a riaradh chomh maith le réiteach díospóidí maidir le méideanna ríchíosa is iníoctha leis na comhlachtaí siúd a thagann chun cinn go príomha i réimse an taispeántais taifeadtaí fuaime phoiblí.
- Cur le forbairt beartais agus reachtaíochta i dtaobh cearta maoine intleachtúla.
- Cúnamh agus faisnéis a chur ar fáil ar chearta maoine intleachtúla.

Cuireann mo thuarascáil faisnéis níos mionsonraithe ar fáil ar an gcaoi ar chomhlíon an Oifig a feidhmeanna reachtúla agus rialála éagsúla mar aon leis na gníomhaíochtaí coimhdeacha agus tacaíonn réimse staitisticí gnó léi.

Ar na príomhstaitisticí gnó, go hachomair, áirítear an méid seo a leanas,

- Fuarthas 206 Iarratas ar Phaitinn Náisiúnta agus deonaíodh 71 phaitinn; fuarthas 62 iarratas ar Dheimhniú um Chosaint Fhorlíontach agus deonaíodh 20 iarratas, diúltaíodh dóibh nó tarraingíodh siar iad. Fuarthas 193,442 iarratas ar Phaitinní Eorpacha in 2022 a ainmníonn Éire.
- Fuair an Oifig 2,019 iarratas ar Thrádmharcanna Náisiúnta agus 1,123 Clárú Trádmharcanna Idirnáisiúnta a ainmníonn Éire. Cláraíodh 1,675 iarratas ar Thrádmharcanna Náisiúnta agus cosnaíodh 940 Clárú Trádmharcanna Idirnáisiúnta. Fuarthas 50 iarratas ar Dhearadh Náisiúnta, ina raibh 106 Dearadh, agus cláraíodh 102 Dearadh faoi dheireadh na bliana.
- In 2022 d'fhill Foireann Faisnéise IPOI ar imeachtaí pearsanta um ardú faisnéise. D'fhreastail

baill foirne ar bhabhta ceannais an Chláir Fiontraíochta do Mhic Léinn ag The Helix chomh maith le réimse imeachtaí agus seimineáir faisnéise ar fud na tíre a bhí dírithe go mór mór ar na hearnálacha oideachais agus FBM. Reáchtáladh 18 gclinic faisnéise fíorúla san iomlán a rinne éascaíocht d'fhiontraithe a n-iarratais MI (maoine intleachtúla) a phlé ar bhonn duine le duine le foireann na hOifige.

- Baineadh an chuid is mó de spriocanna seirbhíse do chustaiméirí an IPOI amach go leibhéal sásúil agus ba é 90% an meánráta cur-i-gcrích.

Tar éis na mblianta dúshlánacha roimhe seo, ní dhearna 2022 aon difríocht maidir le roinnt seandúshlán, agus dúshláin nua a chur roimh an IPOI. Ar nós go leor eagraíochtaí eile na hearnála poiblí, lean an IPOI de bheith ag déileáil leis na deacrachtaí iarmharacha a bhain le maolú na srianta de réir a chéile tar éis COVID-19, de réir mar a d'oscail an Oifig a doirse don phobal arís agus de réir mar a chuathas in oiriúint do thimpeallacht oibre hibrideach níos foirmiúla, ag cinntiú go raibh ár seirbhísí ar an láthair ar fáil agus ar aon dul leis na seirbhísí ar líne.

Beidh tionchar fadtéarmach, fíordháiríre ag na himeachtaí millteacha, tubaisteacha in oirthear na hEorpa ar na cuimhní cinn a bheidh againn ar 2022. Chuir na hiarmhairtí eacnamaíocha a tharla dá thoradh, mar aon leis an ghéarchéim costais maireachtála i gcuimhne dúinn nach buntáistí daonnúla amháin atá ag síocháin ár linne féin, ach go bhfuil tairbhí eacnamaíocha aici freisin, dár ndaoine agus dár bpobail uile. Chuir an méadú ar chostais earraí agus seirbhísí dúshlán suntasach ar acmhainní na hOifige in 2022. Mar sin féin, le tacaíocht agus cúnamh ó chomhpháirtithe IPOI, d'éirigh linn dea-rialachas agus rialú airgeadais a choinneáil ar siúl le linn na tréimhse éiginnteachta seo.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a chuireann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil don Oifig, rud atá ríthábhachtach chun feidhmeanna reachtúla an IPOI a chur ar fáil. Dá réir sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Ard-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, agus leis an Ard-Rúnaí cúnta, an tUasal Declan Hughes. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don tacaíocht a thug an tUasal Conor Verdon agus a fhoireann san Aonad Maoine Intleachtúla le linn 2022 , go háirithe Jean O'Neill Uasal a rinne obair an-luachmhar ar fad.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil leis an bhfoireann dhílis IPOI go léir as a gcuid oibre in 2022. Lean ár bhfoireann ag cur dlúis lena gcuid oibre agus agus déanamh oibre breise go rialta chun seachadadh dár gcustaiméirí agus d'iarratasóirí MI. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt agus buíochas a ghabháil leis an bhfoireann IPOI a bhog ar aghaidh agus a d'aistrigh amach as an Oifig le linn 2022 mar gheall ar scor, ardú céime agus soghluaisteacht, as a dtacaíocht dhílis. Cuirim fáilte roimh gach ball nua den fhoireann a tháinig chugainn in 2022. Tá muinín mhór agam go leanfaimid orainn ag sárú na ndúshlán le chéile mar fhoireann de bharr an ardchumais inár measc.

**James Kelly**



*Ceannsaí*



# 1.0 Feidhmeanna, Misean agus Cuspóirí an IPOI

Is oifig reachtúil neamhspleách í Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann (IPOI) (ar a dtugtaí Oifig na bPaitinní roimhe seo) faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá sí freagrach as cearta maoine intleachtúla (IPRanna) a dheonú agus a chlárú in Éirinn, go sonrach cearta paitinne, trádmhairc agus dearaidh thionsclaíoch. Tá 47 státseirbhíseach ag obair san IPOI atá sannta ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Is é príomh-mhisean an IPOI:

**"Córas éifeachtúil agus éifeachtach um chosaint maoine intleachtúla a sholáthar a spreagann forbairt theicneolaíoch agus a chuireann fiontar chun cinn".**

Tá sé seo le baint amach trí chearta maoine intleachtúla a chosaint laistigh de chreat dlíthiúil éifeachtach a spreagann nuálaíocht in Éirinn agus a éascaíonn scaipeadh réamhghníomhach eolais ábhartha faoi IPRanna agus an córas IP.

Leagann an Ráiteas Straitéise 2020 go 2022 reatha na IPOI amach na príomhthosaíochtaí don Oifig, atá ar aon dul le ceithre chuspóir straitéiseacha mar seo a leanas: (1) sármhaitheas oibríochta, (2) sármhaitheas seirbhíse do chustaiméirí, (3) creat dlíthiúil éifeachtach IP agus (4) feasacht agus tuiscint ar chearta IP a chur chun cinn go héifeachtach.

Sa tráchtaireacht seo a leanas agus sna staitisticí gnó a ghabhann léi féachtar ar ghníomhaíochtaí na hOifige maidir leis na ceithre chuspóir seo a sheachadadh le linn 2022 agus tugtar aird freisin ar thionchar na paindéime COVID-19 ar an Oifig agus a cuid seirbhísí. Cuimsíonn sé freisin roinnt breathnuithe ar threochtaí IP agus an tírdhreach IP a tháinig chun cinn i rith na bliana.

## 1.1 Cuspóir 1 - Sármhaitheas Oibriúcháin

Le sainordú ón Rialtas d'fhostaithe na hearnála poiblí bogadh chuig obair chumaisc in 2022, ghlac an Oifig leis an mbealach nua oibre seo, agus d'oibrigh an fhoireann i meascán de laethanta socraithe san Oifig agus sa bhaile. Chinntigh an IPOI go raibh an cur i bhfeidhm seo ag teacht go breá le riachtanais ghnó na hOifige, rud a d'éiligh pleanáil straitéiseach agus bainistíocht ar athrú eagraíochtúil. Le linn 2022, chuir obair chumaisc dlús breise le húsáid comhad agus doiciméad leictreonach agus le húsáid cumarsáide ríomhphoist. Cé nach bhfuil an IPOI go hiomlán gan pháipéar fós, táimid ag obair sa treo gur féidir gach iarratas a chur isteach go leictreonach. Mar sin féin, déantar formhór na seirbhísí IPOI agus na cumarsáide le hiarratasóirí a sheachadadh go leictreonach agus ar líne ag an bpointe seo.

Tá córas ríomhchomhdaithe galánta i bhfeidhm ag an Oifig a oibríonn 24/7, rud a chumasaíonn comhdú ar líne a dhéanamh ar gach iarratas ar phaitinn, ar dheimhniú cosanta forlíontach, ar thrádmharc agus ar dhearadh. Le linn 2022, comhdaíodh formhór mór na n-iarratas ar chearta IP ar líne trí shuíomh gréasáin na hOifige. (Paitinní & SPCanna 96%, TManna 99%, Dearaí 96%). Íoctar beagnach 100% de tháillí reachtúla na hOifige go leictreonach anois ar líne nó trí ríomhaistriú airgid (EFT), rud a léiríonn toilteanas na gcustaiméirí na córais íocaíochta slána a úsáid. Maidir le custaiméirí nach féidir leo leas a bhaint as an tsaoráid íocaíochtaí ar líne, úsáideann an Oifig teirminéal cárta creidmheasa (CCT) freisin chun íocaíocht slán táillí ar an

teileafón a éascú. Le linn 2022, chuir an Oifig tús le hobair forbartha freisin chun íocaíocht na dtáillí maoine intleachtúla ar fad a bhí fágtha a éascú ar líne.

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 47 post údaraithe ag an Oifig, Mar sin féin, nuair a chuirtear sosanna gairme, comhroinnt oibre agus socruithe oibre eile a thacaíonn le teaghlaigh san áireamh, d'oibrigh an Oifig le leibhéal foirne de 45.46 coibhéis lánaimseartha le linn 2022. Mar gheall ar chomh maith agus a d'éirigh le huathoibriú ár nósanna imeachta, agus feabhsuithe nuálaíocha ar phróiseáil inmheánach gnó mar aon le líon foirne le taithí, tá an Oifig tar éis leanúint ar aghaidh ag freastal go rathúil ar na héilimh ar ardleibhéil seirbhíse poiblí gan acmhainní foirne a mhéadú agus gan éifeachtúlacht oibriúcháin a chur i mbaol.

Geallann an Oifig a chinntiú go ndéantar feidhmíocht na foirne go léir a mheas go rialta. Tugann an Córas um Bainistíocht Feidhmíochta a Fhorbairt (PMDS) an deis don fhoireann spriocanna ar leith a chur, athrú a thionscnamh agus a sheachadadh agus leanúint ar aghaidh ag feabhsú cleachtais oibre d'fhonn seirbhís éifeachtach ar ardchaighdeán a sholáthar. De réir an chórais PMDS, dréachtaíodh Plean Forbartha Oiliúna a chuir san áireamh na riachtanais oiliúna éagsúla a d'aithin baill foirne ina bpleananna forbartha pearsanta do 2022. Le linn 2022, bhí an fhoireann in ann freastal go fíorúil ar réimse seisiún faisnéise agus oiliúna a reáchtáladh trí ardáin chianchomhdhála ar ábhair éagsúla chomh maith le saincheisteanna a bhaineann le folláine, sláinte mheabhrach agus sláinte choirp.

## 1.2 Cuspóir 2 - Sármhaitheas Seirbhíse do Chustaiméirí

Mar thoradh ar obair chumaisc a thabhairt isteach in 2022, bhog foireann an IPOI chuig meascán de bheith ag obair ar an láthair agus ag obair go cianda, agus ceanglas ar gach ball foirne freastal ar an láthair ar feadh cuid dá seachtain oibre. An tAonad TFC a d'éascaigh an t-aistriú chuig obair chumaisc agus chuir laghdú ar phróiseáil pháipéarbhunaithe a baineadh amach le blianta beaga anuas, ar chumas na foirne oibriú go cianda agus úsáid a bhaint as ríomhairí glúine agus fóin phóca atá nasctha le córais na hOifige.

Ina theannta sin, lean baill foirne na IPOI a oibríonn go cianda orthu ag cothabháil seirbhísí ar líne agus ríomhsheirbhísí lena n-áirítear íocaíochtaí leictreonacha táillí agus fiosrúcháin trí ríomhphost agus tríd an teileafón araon i rith 2022. Leanadh le próiseáil na n-iarratas ar chearta maoine intleachtúla mar aon le gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na cearta sin a chothabháil gan aon bhriseadh suntasach ar an tseirbhís. Iarradh ar chustaiméirí seirbhísí ar líne a úsáid agus cumarsáid leictreonach a dhéanamh linn chun moilleanna a laghdú. D'ainneoin na ndúshlán a d'eascair ón bpaindéim agus ón gcianobair, dhéileáil foireann na rannóige faisnéise le breis agus 4,000 ríomhphost, rud atá ar aon dul leis an líon ard a tuairiscíodh in 2022 agus ina mhéadú suntasach i gcomparáid leis na blianta roimhe sin. Lean foireann na rannóige faisnéise freisin ag cur seirbhís iomlán teileafóin ar fáil do chustaiméirí agus dhéileáil siad le thart ar 2,842 fiosrúchán teileafóin in 2022.

Tá an Oifig tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh i gcónaí ar a nósanna imeachta riaracháin agus seirbhís ardchaighdeáin sofhreagrach a thabhairt de réir spriocanna feidhmíochta. Leagtar amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2020-2022 atá ann faoi láthair na príomhspriocanna seirbhíse custaiméara lena mbunaítear na teorainneacha ama is fearr chun tascanna éagsúla inmheánacha agus seachtracha a bhaineann le custaiméirí a chur i gcrích. Tugtar mionsonraí orthu seo sa chuid "Spriocanna Feidhmíochta" den tuarascáil. Le linn 2022,

agus in ainneoin thionchar na paindéime, baineadh amach formhór na spriocanna seirbhíse do chustaiméirí go leibhéal sásúil agus ba é 90% an meánráta maidir le baint amach na spriocanna seo.

## 1.3 Cuspóir 3 - Creat dlíthiúil éifeachtach IP

Is cuid ríthábhachtach den chreat reachtach é rialáil ar chearta maoine intleachtúla a chuireann nuálaíocht chun cinn agus a spreagann í. Tugann an reachtaíocht faoina bhfeidhmíonn an Oifig an ceart d'iarratasóirí agus do dhílseánaigh éisteacht a fháil in imthosca áirithe agus sula bhfeidhmítear aon drochthionchar ar aon chumhachtaí lánroghnacha atá leagtha amach sna hAchtanna agus sna Rialacha. Chuir srianta na paindéime dúshláin romhainn maidir le héisteachtaí ex parte agus idirpháirtí a sheachadadh a dhéanfaí i bpearsain agus duine le duine de ghnáth. Le linn 2022, reáchtáil an Oifig 7 n-éisteacht ex-parte agus 5 éisteacht idirpháirtí maidir le trádmharcanna.

Is ceart paitinne Eorpach aonair nua í an Phaitinn Aonadach (UP) le héifeacht dhlíthiúil aonadach do gach Ballstát AE a dhaingnigh an Comhaontú ar Chúirt Aontaithe Paitinne. Tugann an UP an deis coigilteas costais suntasach a bhaint amach d'úinéirí paitinne, sa mhéid is gur féidir leo iarratas a dhéanamh go díreach chuig Oifig Eorpach na bPaitinní (EPO) ar phaitinn a bheidh bailí i ngach Ballstát AE a shínigh an Comhaontú ar Chúirt Aonadach Paitinne (UPCA). Íocfar táille athnuachana bliantúil amháin go lárnach le hOifig Eorpach na bPaitinní, seachas le hoifigí paitinne náisiúnta aonair agus sábhálfaidh sé costais aistriúcháin chomh maith leis an bpróiseas a chuíchóiriú, an próiseas dlíthíochta san áireamh.

Imí an Mheithimh 2022, d'athdhearbhaigh an Rialtas a ghealltanas páirt a ghlacadh i gCóras Aonadach na bPaitinní agus i gCúirt Aonadach na bPaitinní (UPC) agus reifreann a reáchtáil chun a chumasú d'Éirinn déanamh amhlaidh. Éilíonn Éire go rithfear reifreann bunreachtúil agus go n-éireoidh leis, chun an UPCA a dhaingniú, toisc go n-aistreofar dlínse i ndlíthíocht phaitinne ó chúirteanna na hÉireann chuig cúirt idirnáisiúnta. Mura ndeimhnítear an UPCA in Éirinn, ní bheidh sealbhóirí paitinne in ann brath ar phaitinní aonadach ná ar an UPC chun a gcuid aireagán a chosaint laistigh d'Éirinn. Ní bhaineann sé seo le paitinní náisiúnta a deonaíodh ag oifigí paitinne náisiúnta

Déanann foireann IPOI ionadaíocht ar Éirinn ag roinnt fóraim idirnáisiúnta agus ar an gcaoi sin cinntíonn siad go gcuirtear seasamh na hOifige seo i leith cúrsaí Maoine Intleachtúla in iúl, go bhfuil sé ar eolas agus go ndéantar é a chosaint. Déanann an bhainistíocht shinsearach ionadaíocht d'Éirinn ar Chomhairle Riaracháin an EPO agus a Choistí coimhdeacha éagsúla, agus ar Bhord Bainistíochta agus Coiste Buiséid EUIPO. Tá baill d'fhoireann na hoifige, ar saineolaithe iad ina réimsí ar leith, ar roinnt coistí teicniúla agus idirchaidrimh EPO agus EUIPO, chomh maith le Grúpaí Oibre Tionscadail a spreagann tionscnaimh um chóineasú agus chomhchuibhiú na hEorpa ag EUIPO.

Éascaíonn rannpháirtíocht ar leibhéal idirnáisiúnta comhphlé ar ábhar agus struchtúr na gclár comhoibrithe agus cóineasaithe idir na heagraíochtaí sin agus Oifigí IP náisiúnta eile san Eoraip, rud a chuireann ar chumas na hOifige a cleachtais agus a nósanna imeachta dlí agus rialála agus a seirbhísí don gcustaiméir a fheabhsú agus a fhorbairt tuilleadh ar aon dul leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr.

## 1.4 Cuspóir 4 - Feasacht agus tuiscint ar chearta IP a chur chun cinn go héifeachtach

Ceann de phríomhchuspóirí an IPOI is ea faisnéis a sholáthar faoi gach gné de chearta maoine intleachtúla, agus ar an gcaoi sin cabhrú le FBManna, micrifhiontair agus fiontraithe luach a chruthú óna gcuid smaointe, a ngnólachtaí a neartú agus tuiscint níos fearr a fháil ar an gcóras maoine intleachtúla.

Rinne an Oifig taispeántas ag tairseach fhíorúil Taispeántas an Eolaí Óig agus Teicneolaíochta BT in 2022 ar ghlac 226,000 duine ó 68 tír páirt ann. Bhí foireann IPOI ar fáil le haghaidh fiosruithe a bhain le MI ó lucht freastail na n-imeachtaí roimh an tréimhse tairsí agus ina diaidh. Chomh maith le páirt a ghlacadh i roinnt seimineár ar líne i gcomhar leis na hOifigí Fiontair Áitiúla, reáchtáil an Oifig 18 gclinic fíorúla ar Mhaoin Intleachtúil a thug deis don phobal, d'aireagóirí, d'fhiontraithe agus do lucht gnó a n-iarratas ar Mhaoin Intleachtúil a phlé ar bhonn duine le duine le foireann na hOifige. Nuair a d'athoscail an Oifig don phobal i mí an Mhárta 2022, cuireadh tús arís le clinicí IP pearsanta. In 2022, sheol an IPOI an tionscadal píolótach MI san Oideachas agus d'éirigh leis roinnt cur i láthair a chur ar siúl dar teideal *"Cad is Maoin Intleachtúil ann?"* do 4 mheánscoil áitiúla. Mar thoradh ar an rath mór agus an fhreagairt dhearfach ar an gclár píolótach in 2022 tá méadú tagtha ar an tionscadal chun cur i láthair a sholáthar ar fud na tíre ó 2023.

Tá cláir chomhoibrithe déthaobhacha ag an Oifig freisin leis an EPO agus an EUIPO faoina bhfaigheann sí cúnamh i dtreo a bheith rannpháirteach in imeachtaí éagsúla feasachta IP, sainoiliúint IP, tionscadail TFC chun malartuithe sonraí IP a éascú agus comhchuibhiú cleachtas agus nósanna imeachta. Chomh maith le rochtain saor in aisce ar líne ar a cláir, bunachair shonraí, agus an Iris Oifigiúil, cuireann an Oifig rochtain ar líne ar fáil ar uirlisí cuardaigh éagsúla atá áisiúil do chustaiméirí ar nós TMView, DesignView, Espacenet agus Clár na bPaitinní Cónasctha.

# 2.0 Treochtaí agus Táscairí Maoine Intleachtúla

Tá Cearta Maoine Intleachtúla (CMIanna) ag éirí níos tábhachtaí i saol domhandaithe ina bhfuil sócmhainní doláimhsithe mar an chuid is mó de luach cuideachtaí ceannródaíocha domhanda ag an bpointe seo. Is acmhainní móra cuideachta iad sócmhainní doláimhsithe, amhail CMIanna agus T&F, a thacaíonn le fás an gheilleagair eolais. Féachtar ar Éirinn mar thír ag a bhfuil geilleagar eolais dea-fhorbartha a dhíríonn ar sheirbhísí san ardteicneolaíocht, seirbhísí airgeadais agus gnó talmhaíochta. Chuir luach méadaitheach an eolais agus na n-aschur seirbhíse le méaduithe domhanda ar an éileamh ar CMIanna.

Déanann an t-Innéacs Nuálaíochta Domhanda WIPO (GII) geilleagair dhomhanda a rangú de réir a gcumais nuálaíochta. Is é atá iontu seo thart ar 80 táscaire, agus iad grúpáilte in ionchuir agus aschuir nuálaíochta. Tá Éire sa 23ú háit i measc na 132 gheilleagar atá le feiceáil sa GII 2022[1]. Tá Éire sa22ú háit i measc na 48 ngeilleagar ardioncaim agus sa 15ú háit i measc na 39 ngeilleagar san Eoraip. Taifeadadh san innéacs freisin gur chruthaigh Éire níos fearr maidir le “haschuir nuálaíochta” (19ú háit) ná maidir le “ionchuir nuálaíochta” (25ú háit) in 2022.

Tháinig moill ar an bhfás domhanda in 2022, mar thoradh ar an gcogadh san Úcráin agus ar an ngéarchéim costais mhaireachtála. D’éirigh níos fearr le geilleagar na hÉireann ná mar a bhíothas ag súil leis in 2022 i ndiaidh na paindéime agus na n-arduithe ar phraghsanna fuinnimh. Ba é fuinneamh an phríomhchúis le boilsciú, rud ba léir ón méadú ar chostas earraí agus seirbhísí i gcomparáid leis na blianta roimhe seo. Ba iad na hearnálacha cógaisíochta agus TFC na príomhréimsí fáis sa gheilleagar ar éirigh go maith leo sa gheilleagar. Tháinig fás 12.2% ar an OTI i gcomparáid leis an bhfás 10% a rabhthas ag súil leis [2]. Chuir cuideachtaí ilnáisiúnta agus a bhfeidhmíocht mhéadaithe borradh faoi gheilleagar na hÉireann ar luas níos gasta ná meán an limistéir euro. Tar éis comhstaidéir ag Oifig Eorpach na bPaitinní (EPO) agus ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) cuireadh an méid seo in iúl sa tríú nuashonrú a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2022, “Tá tionscail atá dian ó thaobh CMI de tar éis éirí níos tábhachtaí fós in OTI, i bhfostaíocht agus i dtrádáil san Eoraip [3].” Is léir ón an staidé ar go ngineann cuideachtaí atá lonnaithe i mballstát eile AE 21.6% de na poist san AE i gcearta maoine intleachtúla (CMIanna). Taispeánann Éire, an Chipir agus an Ísiltír go gcruthaíonn cuideachtaí neamh-AE níos mó post sna tíortha sin ná mar a chruthaíonn cuideachtaí ó bhallstáit AE. Tá Éire ag cruthú go maith ar an sciar dá rannchuidiú le tionscail atá dian ar phaitinní, sciar atá níos mó ná an meán, agus maidir le OTI tá cion na hÉireann níos mó ná meán an AE[4].

1 Global Innovation Index 2022: What is the future of innovation-driven growth? (Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2022: Cad atá i ndán d’fhás atá á spreagadh ag an nuálaíocht?) (wipo.int)
2 Headline Economic Results - CSO - Central Statistics Office (Príomhthorthaí Eacnamaíocha - Príomhoifig Staidrimh
3 2022_IPR_Intensive_Industries_FullR_en.pdf (europa.eu)
4 2022_IPR_Intensive_Industries_FullR_en.pdf (europa.eu)

## 2.1 Paitinní

### 2.1.1 Iarratais náisiúnta ar phaitinní

Léirigh líon iomlán na n-iarratas ar phaitinn náisiúnta a comhdaíodh in 2022 laghdú de bhreis is 9.6% i gcomparáid le 2021 (ó 228 go 206). Laistigh den fhigiúr foriomlán sin, tháinig laghdú ar chomhduithe paitinne gearrthéarmacha náisiúnta a fuarthas le linn 2022 i gcomparáid le hiomlán 2021 (ó 112 go 117). B'amhlaidh don líon iarratas phaitinn fhadtéarmach ó 116 go 89.

### 2.1.2 Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna)

Leathnaíonn Deimhnithe Forlíontacha Cosanta (SPCanna) cosaint paitinne chuig táirgí míochaine agus táirgí cosanta plandaí suas le 5 bliana, chun moilleanna maidir le ceadú rialála a fháil sna luathbhlianta agus an táirge á thabhairt ó stádas paitinnithe chuig indíoltacht. Cuireann monaróirí cearta an SPC san áireamh chun síneadh ar a n-eisiachas margaidh a chinntiú d'fhonn costais infheistíochtaí i dtaighde agus i bhforbairt a aisghabháil. B'ionann iomlán na n-iarratas ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha (SPCanna) agus 62 in 2022

**62**
**iarratas SPC in 2022**

### 2.1.3 Paitinní Eorpacha ag ainmniú na hÉireann

In ainneoin phaindéim an choróinvíris bhí líon na n-iarratas ar phaitinn ag Oifig na bPaitinní Eorpacha in 2022 seasmhach ar an iomlán, is é sin, 193,460 (méadú 2.5% i gcomparáid le 2021). Cuirtear iarratais Eorpacha ar phaitinní a ainmníonn Éire isteach ar Chlár na bPaitinní Éireannacha tar éis deonú a bheith foilsithe ag an EPO (Oifig na bPaitinní Eorpacha) agus tá an stádas dlíthiúil céanna acu agus a bheadh acu dá mba an Oifig a dheonaigh iad.

**Tábla 1. Forbairtí ar líon na n-iarratas Eorpach ar Phaitinní ó Éirinn ó 2017.**

| | 2017 | 2018 | 2018/2017 | 2019 | 2019/2018 | 2020 | 2020/2019 | 2021 | 2021/2020 | 2022 | 2022/2021 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iarratais EP ó chuideachtaí atá lonnaithe[1] | 660 | 826 | 25.2% | 882 | 6.8% | 980 | 11.1% | 1015 | 3.6% | 1140 | 12.3% |

*Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO 2022 d'Éirinn.*
1 Cuimsíonn iarratais ar phaitinní Eorpacha iarratais dhíreacha Eorpacha agus iarratais idirnáisiúnta (PCT) a tháinig isteach sa chéim Eorpach le linn na tréimhse tuairiscithe. Tagann bunús geografach iarratais le tír chónaithe an chéad iarratasóra atá liostaithe ar an bhfoirm iarratais (prionsabal an iarratasóra chéadainmnithe).


I dtuarascáil an Rialaitheora don bhliain 2021, d'ainneoin tionchar na paindéime ar an ngeilleagar, bhíothas ag súil go mbainfeadh roinnt earnálacha mar chúram sláinte, teicneolaíocht leighis, eolaíochtaí beatha/cógaisíocht agus ríomhthráchtáil tairbhe as. Rinne Innéacs Paitinne an OEP do 2021 a foilsíodh i mí Aibreáin 2022 an tuairim sin a bhailíochtú agus tugadh faoi deara, i mbliain inar tháinig laghdú ar iarratais ar Phaitinní Eorpacha i go leor réimsí teicniúla, gur tháinig méadú ar iarratais maidir le teicneolaíochtaí leighis, innealra leictreach, gairis agus fuinneamh. Thaispeáin iarratais ar phaitinní Eorpacha ó chuideachtaí Éireannacha méaduithe sna hearnálach seo freisin.

## Tábla 2. Na 5 réimse teicneolaíochta is fearr maidir le hiarratais ar Phaitinní Eorpacha ó chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn.


| RÉIMSE TEICNEOLAÍOCHTA[1] | 2021 | 2022 | 2021/2022 |
|---|---|---|---|
| Teicneolaíocht an leighis | 237 | 283 | 19.4% |
| Teicneolaíocht ríomhaireachta | 121 | 141 | 16.5% |
| Cógaisíocht | 91 | 116 | 27.5% |
| Cóga Innealra leictreach, gaireas, fuinneamh | 95 | 104 | 9.5% |
| Biteicneolaíocht | 36 | 55 | 52.8% |

*Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO 2022 d'Éirinn.* *https://new.epo.org/en/statistics-centre*
1 Tá sainmhíniú na réimsí bunaithe ar chomhchordacht teicneolaíochta WIPO IPC.
Tá an tábla ar fáil ag: https://www.wipo.int/export/sites/www/ipstats/en/docs/wipo_ipc_technology.pdf

Ar an iomlán tháinig méadú 2.5% ar iarratais ar phaitinní Eorpacha a chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn in 2022 i gcomparáid le 2021. Ciallaíonn 1,140 iarratas a chomhdaigh na cuideachtaí sin in 2022 go bhfuil Éire san 8ú háit ó thaobh iarratas ar phaitinn Eorpach de in aghaidh gach milliún áitritheoir ag an bpointe seo.




Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO - Patent Index 2022




Foinse: Sonraí Innéacs Paitinní EPO - Patent Index 2022

## Tábla 3. Comhdú paitinní ó Chuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn ag Oifigí Paitinní Idirnáisiúnta roghnaithe

| | 2018 | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|---|---|
| PCT[1] | 628 | 640 | 762 | 908 | 806* |
| EPO[2] | 826 | 882 | 980 | 1,015 | 1,140 |
| USA[3] | 1,612 | 1,118 | 1,271 | 1,226 | n/a |
| UK[4] | 353 | 361 | 366 | 296 | n/a |

*Foinsí: Bunachar Sonraí Staidrimh WIPO, Bunachar Sonraí Staidrimh EPO, Fíricí agus Figiúirí UKIPO & Tuarascálacha Feidhmíochta agus Cuntasachta USPTO Bl. Ar. 2021 agus 2022*

1 iarratais PCT (Céim Idirnáisiúnta) a chomhdaigh cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn de réir dáta a gcomhdaithe.
2 Anailís bunaithe ar iarratais ar phaitinní Eorpacha a comhdaíodh san EPO.
3 Tagraíonn comhduithe do chomhduithe Paitinní Fóntais ar a dtugtar paitinní d'aireagáin freisin.
4 Fíricí agus Figiúirí UKIPO Tábla 2.1b 2022 Níl figiúr na RA ar fáil go sealadach.

Tá staitisticí comhdaithe bunaithe ar áit chónaithe an iarratasóra chéadainmnithe. Féadfaidh na figiúirí comhdaithe stairiúla a léiríodh sna blianta roimhe seo a bheith éagsúil ó bhliain go chéile mar thoradh ar bhunachar sonraí a bheith á chur cothrom le dáta ag na húdaráis paitinne lena mbaineann.

## 2.2 Trádmharcanna agus Dearaí

Cé go bhfuil ardú seasta ar líon na n-iarratas ar thrádmharcanna náisiúnta a comhdaítear le cúpla bliain anuas mar gheall ar fhás leanúnach an gheilleagair, tháinig laghdú 24% ar líon na n-iarratas a fuarthas in 2022 i gcomparáid le 2021 ó 2,656 go 2,019. Tá sé seo ag teacht leis an gcor chun donais eacnamaíoch ar fud an domhain le déanaí. Níorbh fhéidir iarratais ar dhearadh tionsclaíoch a fuair an Oifig a thuar agus tá siad ag athrú le blianta beaga anuas. In 2022 fuarthas 106 iarratas dearaidh ar leith san iomlán, sin laghdú 7% i gcomparáid le 2021.

### 2.2.1 Trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTManna) agus Dearaí Pobail Cláraithe (RCDanna)

Is rogha le roinnt iarratasóirí iarratas a dhéanamh ar Thrádmharc de chuid an Aontais Eorpaigh (EUTM) seachas clárú sonrach Éireannach a fháil toisc gur mian leo cosaint trádmhairc a fháil san AE, agus clúdaíonn clárú EUTM gach ceann de 27 tír an AE. Laghdaíodh ar líon na gcomhdúchán ar iarratais EUTM a rinne iarratasóirí atá ina gcónaí in Éirinn ó 1,667 iarratas in 2021 go 1,266 iarratas in 2022. Tháinig laghdú 45% i gcomparáid le 2021 ar iarratais ar Dhearadh Pobail a chomhdaigh iarratasóirí atá ina gcónaí in Éirinn (ó 574 go 313).

#### Tábla 4. Iarratais EUTM agus RCD ó iarratasóirí atá lonnaithe in Éirinn

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Iarratais EUTM | 1,331 | 1,667 | 1.266 |
| Clárúcháin EUTM | 1,113 | 1,465 | 1,213 |
| Iarratais RCD | 611 | 574 | 313 |
| Foilsíodh clárúcháin RCD | 601 | 566 | 192 |

*Foinse: Staitisticí EUIPO in EUTManna & Staitisticí Dearaí Pobail.*

### 2.2.2 Trádmharcanna Idirnáisiúnta

Córas idirnáisiúnta cláraithe trádmhairc is ea Prótacal Mhaidrid a thugann an deis d'úinéir trádmhairc cosaint trádmhairc a fháil i roinnt tíortha trí iarratas amháin a chomhdú. Cuireann córas Mhaidrid, atá á riaradh ag WIPO, réiteach cliste gnó ar fáil d'aon chuideachta atá ag iarraidh a trádmharcanna a chosaint agus a bhainistiú i margaí idirnáisiúnta (lasmuigh den AE de ghnáth). Féadann an méid a úsáideann cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn táscaire úsáideach a thabhairt go bhfuil ar intinn acu briseadh isteach i margaí eachtracha agus margaí nua a chruthú do réimsí táirge atá ann cheana agus do réimsí táirge nua. Faoi láthair tá 114 ball ag córas Mhaidrid a chlúdaíonn 130 tír, arb ionann iad agus níos mó ná 80% de thrádáil an domhain.

## 2.3 Iarratais Mhaidrid

### Rábla 5. Iarratais & Clárúcháin Idirnáisiúnta trí Chóras Mhaidrid do shealbhóirí TM atá lonnaithe in Éirinn

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Iarratais Mhaidrid arb í Éire tír an tsealbhóra (faoin dáta comhdaithe) | 293 | 334 | 288 |
| Líon na gClárúchán Idirnáisiúnta arb í Éire tír an tsealbhóra | 244 | 329 | 264 |
| Ainmniúcháin i gclárúcháin inar Éire tír an tsealbhóra | 2,173 | 2,281 | 2,219 |
| Ainmniúcháin ina dhiaidh sin i gcás gurb í Éire tír an tsealbhóra | 379 | 378 | 438 |
| *Foinse: Staitisticí IP WIPO ( Staitisticí Córais Mhaidrid (wipo.int)* | | | |

Chuir WIPO 264 clárúchán idirnáisiúnta ar taifead do shealbhóirí trádmharcanna a bhfuil sainchónaí orthu in Éirinn in 2022, síos 20% ar 2021. Cuimsíonn na clárúcháin seo 2,219 ainmniúchán comhaltaí Mhaidrid eile inar fhéach na sealbhóirí le cosaint a leathnú dá dtrádmharcanna. Ainmníodh 438 comhalta Mhaidrid breise san iomlán ina dhiaidh sin i gclárúcháin idirnáisiúnta atá ann cheana féin ó Éirinn, chun a raon cosanta bunaidh geografach a leathnú chuig ballstáit nó dlínsí Mhaidrid breise.



## 2.4 An t-Irisleabhar Oifigiúil

Foilsítear an t-irisleabhar gach coicís ar an suíomh Gréasáin. Is i ngach eagrán den irisleabhar a bhíonn innéacs inchuardaithe agus faisnéis faoi ghníomhartha a bhaineann le hiarratais ar phaitinní, ar thrádmharcanna agus ar dhearthaí agus faoi chlárúcháin. Mar shampla, bítear in ann sonraí a fháil i ngach irisleabhar faoi thrádmharcanna agus faoi dhearthaí ar glacadh leo. Is san irisleabhar freisin a bhíonn sonraí faoi phaitinní a ndearnadh iarratas orthu, a foilsíodh agus a deonaíodh, lena n-áirítear paitinní a deonaíodh faoi Choinbhinsiún na bPaitinní Eorpacha agus lena n-ainmnítear Éire iontu. Cuimsítear san irisleabhar chomh maith faisnéis faoi nithe amhail fógraí oifigiúla, sonraí faoi mhodhanna íocaíochta táillí reachtúla agus uaireanta oscailte Oifig na bPaitinní. Cuireadh saoráid idirghníomhach leis an irisleabhar. Mar gheall ar an tsaoráid sin, tá úsáideoirí in ann an sliocht d'aon phaitinn, d'aon trádmharc nó d'aon dearadh ar leith sa Chlár a rochtain laistigh den irisleabhar anois trí chliceáil ar hipearnasc laistigh den irisleabhar. Cuireadh tús le mórthionscadal chun cuid de ghnéithe léiriúcháin na hIrise a nuachóiriú in 2022.

# 3.0 Comhoibriú Idirnáisiúnta

Glacann an Oifig páirt i ngníomhaíochtaí comhoibrithe lena comhghleacaithe idirnáisiúnta, an EUIPO agus an EPO ar roinnt tionscadal, chun comhchuibhiú a chur chun cinn ar fud na n-oifigí IP náisiúnta, agus chun rudaí a dhéanamh níos éasca d'úsáideoirí na gcóras paitinne, trádmhairc agus dearaidh.

## 3.1 Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)

Éascaíonn Clár Cóineasaithe an EUIPO, an cóineasú cleachtais idir an EUIPO agus na hOifigí Náisiúnta. Agus é ag obair i gcomhar le Comhlachais Úsáideoirí Eorpacha, is é an phríomhchuspóir comhthuiscint a bhaint amach i réimsí ina bhfuil cleachtais éagsúla ag oifigí IP. Comhlánaíonn sé sin an obair atá á déanamh chun comhuirlisí TF a chruthú faoin gCiste Comhair. Lean foireann na hOifige ag cur le gnóthachtálacha na mblianta roimhe seo trína rannpháirtíocht ghníomhach i nGrúpaí Oibre éagsúla a bunaíodh chun tacú le haidhmeanna an chomhoibrithe agus le coinbhéirseacht cleachtais.

Is iad na príomhbhuntáistí d'úsáideoirí a eascraíonn as na Cláir Chóineasaithe éagsúla:

- Soiléire agus trédhearcacht: coinníonn tionscnaimh chumarsáide chomhroinnte geallsealbhóirí ar an eolas faoi dhul chun cinn go tráthúil, le faisnéis chomhaontaithe.
- Cáilíocht agus inúsáidteacht: rochtain éifeachtach agus éifeachtúil ar chosaint a thairgeann córais chlárúcháin ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE araon.
- Deimhneacht dhlíthiúil: deimhneacht dhlíthiúil méadaithe mar gheall ar chomhsheasmhacht níos fearr i dtaobh cinntí a dhéantar ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal AE.
- Coigilteas ama agus costais: laghduithe féideartha ar amanna próiseála iarratas agus coigilteas costais d'oifigí IP agus d'iarratasóirí araon.

Faigheann an Oifig tacaíocht i gcónaí ó EUIPO chun ár n-ionchur sonraí a choinneáil ar a bpríomhuirlisí, is é sin, TMView agus DesignView. Ina theannta sin, faoi chomhaontú déthaobhach le EUIPO, bhain an Oifig leas as cúnamh i leith chostais réimse imeachtaí múscailte feasachta inar scaipeadh faisnéis faoi na Córais Chomhphobail um Thrádmharcanna agus um Dhearadh Pobail.

Leanann an Oifig uirthi ag cur go gníomhach le go leor tionscnamh agus tionscadal atá á mbainistiú ag EUIPO faoina bPlean Straitéiseach 2025. Rinneamar athnuachan ar ár ngealltanas leanúint

ar aghaidh á dhéanamh seo sna blianta amach romhainn. Mar chuid de seo, ghlac an Oifig páirt i gCeardlann maidir le Comhtháthú agus Cur i bhFeidhm Uirlisí MI do Bhallstáit ARIPO sa tSiombáib agus chuir sí i láthair í ag an gceardlann sin.

Chuir an Oifig tús le tionscadal in 2022 a mbeidh mar thoradh air go ndéanfar iniúchadh ar a próisis agus a nósanna imeachta agus é mar aidhm aige deimhniú Cáilíochta na hEagraíochta Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) 9001 a bhaint amach. Ceann de chuspóirí straitéiseacha an IPOI is ea cearta ardchaighdeáin a sheachadadh. Chabhraigh cúnamh airgeadais agus saineolaithe ón EUIPO go mór leis an tionscadal seo.

Lean Ciste FBManna, a sheol EUIPO in 2021, ag fás agus ag leathnú. Cruthaíodh an scéim seo chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide Eorpacha (FBManna) a straitéisí maoine intleachtúla a fhorbairt agus a gcearta maoine intleachtúla a chosaint, ar leibhéal náisiúnta nó ar leibhéal AE. Tá an ciste á oibriú ag EUIPO i gcomhar leis na hOifigí Náisiúnta Maoine Intleachtúla, Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann san áireamh. Faoi théarmaí na scéime, d'fhéadfadh FBManna na hÉireann a bheith i dteideal lascaine 75% a fháil ar tháillí bunúsacha iarratais agus clárúcháin trádmharcanna agus dearaí náisiúnta agus AE. Ina theannta sin, d'fhéadfadh FBManna iarratas a dhéanamh ar aisíocaíocht 75% de chostas iniúchadh maoine intleachtúla a rinne saineolaithe aitheanta. Féadfaidh an Ciste FBManna na táillí cuardaigh atá mar chuid den nós imeachta iarratais ar phaitinn náisiúnta a aisíoc freisin.

## 3.2 An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil (WIPO)

Lean an IPOI ag comhlíonadh a chuid gealltanas i réimse na cosanta maoine intleachtúla a d'eascair as ballraíocht na hÉireann san WIPO agus as na conarthaí iltaobhacha éagsúla a riarann sí agus a bhfuil Éire ina stát conarthach ina leith. In 2022, ghlac oifigigh ón IPOI páirt sa Bhuanchoiste um Paitinní, i gCoiste Saineolaithe an Aicmithe Idirnáisiúnta Paitinní (IPC) agus i nGrúpa Oibre IPC.

In 2022, chuir an IPOI tús freisin le cleachtadh anailís riachtanas maidir le hÉirinn a bhunú mar Oifig Náisiúnta rannpháirteach sa tSeirbhís Rochtana Doiciméad Tosaíochta WIPO (DAS WIPO) a chuirfidh ar chumas d'iarratasóirí na riachtanais doiciméad tosaíochta a chomhlíonadh gan cóipeanna deimhnithe a fháil agus a chur isteach go fisiciúil.

## 3.3 European Patent Office (EPO)

Bhí baint ag foireann IPOI le gníomhaíochtaí chomhlachtaí agus choistí éagsúla an EPO le linn 2022, inar thug siad faoi chruinnithe pearsanta arís. Ghlac ionadaithe ón Oifig páirt i gcruinnithe na Comhairle Riaracháin, an Choiste Buiséid agus Airgeadais, an Choiste um Chomhar agus Tacaíocht Theicniúil agus an Choiste um Dhlí na bPaitinní. Tá comhaontú comhoibrithe ag an IPOI leis an EPO don tréimhse 2021 -2023 a sholáthróidh maoiniú agus cúnamh teicniúil i réimsí cáilíochta sonraí, ag cothú nuálaíochta agus ag tógáil saineolais in oifigí náisiúnta.

Feabhsóidh na trí thionscadal seo, a leagtar amach thíos, na seirbhísí digiteacha agus faisnéise a sholáthraíonn an Oifig. Lena chois sin neartaíonn siad aistriú eolais idir an EPO agus an IPOI.

- Cáilíocht Sonraí: Cumas bainistíochta sonraí an IPOI a neartú trí úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a uasmhéadú.
- Nuálaíocht a Chothú: Feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí feasachta faisnéise nuálacha agus freagrúla do FBManna, d'eagraíochtaí taighde agus don earnáil oideachais.
- Saineolas a fhorbairt: Feabhas a chur ar inniúlachtaí, scileanna agus eolas na foirne atá ag obair i réimsí saineolais atá ann cheana.

# 4.0 Imeachtaí 2022

**In 2022, d'eagraigh an IPOI tacaíocht, nó thairg sí í, maidir le go leor comhdhálacha, seimineár gréasáin, léachtaí agus ceardlanna a eagrú a bhí dírithe ar fhiontraithe, ionadaithe cuideachtaí agus mic léinn. Seo léargas ar chuid de na príomhimeachtaí ar fhreastail an IPOI orthu in 2022:**

## Eanáir

- D'fhreastail IPOI ar Thaispeántas Eolaí Óg BT fíorúil

## Márta

- Cruinniú neamhfhoirmeálta na mBallstát de chuid Oifig Eorpach na bPaitinní (EPO)
- Cruinnithe le Comhairle Riaracháin EPO
- Cruinniú an Roghchoiste um Chomhaontú maidir le Cúirt Aontaithe Paitinne (UPCA)

## Aibreán

- Freastalaíonn toscairí IPOI ar chruinniú Comhoibrithe Bliantúil Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais (EUIPO) i Thessaloniki
- Cruinniú neamhfhoirmiúil EPO na mBallstát

## Bealtaine

- Cruinniú de Choiste Buiséid agus Airgeadais EPO agus de Roghchoiste UPCA
- D'óstáil IPOI cruinniú úsáideora IP le Cumann na nGníomhairí Paitinne & Trádála i gCill Chainnigh maidir le cleachtas agus nósanna imeachta
- Bronnadh na ngradam ag Babhta Ceannais Fiontraíochta na Mac Léinn ag an Helix
- Comhairliúchán poiblí maidir le Comhchuibhiú ar Dhlí Substainteach na bPaitinní



**Claire O Reilly, IPOI, agus an Tánaiste Leo Varadkar ag Babhta Ceannais SEP i mí Meán Fómhair**

## Meitheamh

- Cruinniú Bhoird na nGníomhairí Paitinní
- Freastal ar an imeacht MI san ***Oideachas Oiliúint a chur ar Mhúinteoirí*** in EUIPO
- Cruinniú Bhord Bainistíochta & Coiste Buiséid EUIPO
- Cruinniú den Chomhbhord Bainistíochta agus den Choiste Buiséid EUIPO
- Ghlac IPOI páirt i gCeardlann ar Chomhtháthú agus Cur i bhFeidhm Uirlisí MI a d'eagraigh EUIPO agus Oifig Maoine Intleachtúla Réigiúnach na hAfraice in Harare, an tSiombáib



**Migual Olivares (EUIPO), Henry Ukurut (AfrIPI), Martin Beckman(EUIPO), John Nolan (IPOI) and Bemanya Twebaze (Director General of ARIPO)**

## Iúil

D'óstáil IPOI cruinniú leis an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann

D'óstáil IPOI cruinniú le Grúpa MI IBEC

Idirghabhálacha i scríbhinn i gcásanna CBAE C-119/22 agus C-149/22

Bhuail IPOI le IPU agus le Coiste an Dlí-Chumainn um Dhlí Cosanta Sonraí

## Lúnasa

Ghlac IPOI páirt i gComhairliúchán Poiblí ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le cosaint táisc gheografaigh do tháirgí ceirde agus tionsclaíocha

Seoladh Straitéis Cumarsáide agus For-rochtana IPOI

D'fhreastail IPOI ar Sheó Thúlaigh Mhóir

## Meán Fómhair

D'óstáil IPOI cruinniú déthaobhach le IPO na RA

Reáchtáil IPOI cruinniú comhair leis an EUIPO

Cuairt an Ard-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, ar IPOI le haghaidh Chruinniú an Bhoird Bainistíochta i gCill Chainnigh

Seoladh an chláir phíolótaigh ***IP San Oideachas*** i Meánscoileanna Chill Chainnigh

IPOI ag freastal ar an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta



**Foireann IPOI agus scoláirí ag Scoil na mBráithre, Cill Chainnigh**

## Deireadh Fómhair

Cruinniú de Chomhairle Riaracháin EPO

Cruinniú Roghchoiste an UPCA

Seoladh Sheachtain Nuálaíochta DETE ón IPOI

Cruinniú de Choiste Buiséid agus Airgeadais EPO

Cur i láthair ón Dr Dolores Cassidy, Scrúdaitheoir Sinsearach na bPaitinní, ag ***"Cruinniú Mullaigh na Straitéise Eolaíochtaí Beatha maidir le hEisiamh Maoine Intleachtúla"*** i München



**Rialaitheoir IPOI, James Kelly, agus Edyta Demby-Siwek, Uachtarán Oifig na Polainne i Vársá**




**An Dr Dolores Cassidy ag déanamh cuir i láthair ag "Cruinniú Mullaigh na Straitéise Eolaíochtaí Beatha maidir le hEisiachas Maoine Intleachtúla" i München**

## Samhain

Cruinniú déthaobhach na Foirne Bainistíochta Sinsearaí le hOifig Paitinní na Polainne

Cruinniú Bhoird na nGníomhairí Paitinní

D'fhreastalaíomar ar Chomhdháil UPCA sa Bhruiséil

Cruinniú de Chomhbhord Bainistíochta agus de Choiste Buiséid EUIPO

# 5.0 Suíomh Gréasáin agus na Meáin Shóisialta

Lean an suíomh Gréasáin le rochtain a sholáthar ar réimse éifeachtach seirbhísí idirghníomhacha cuardaigh agus íocaíochta táillí ar líne 24/7 i rith 2022. I measc na seirbhísí ar líne tá íocaíochtaí táillí ar líne, ríomhchomhú iarratais trádmhairc agus dearaidh, féachaint ar phaitinní agus cuardach paitinní, trádmharc agus cláir dhearaidh agus bunachar sonraí; cláir na gcomhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt agus cláir ghníomhairí paitinne agus trádmharcanna. Cuimsíonn an t-ábhar a foilsíodh ar an suíomh gréasáin tuarascálacha bliantúla na bliana roimhe sin, réimse leabhráin faisnéise IP, ráiteas straitéise reatha agus plean gníomhaíochta seirbhíse do chustaiméirí na hOifige agus gach reachtaíocht phríomhúil agus thánaisteach a rialaíonn feidhmeanna na hOifige.

Fuair an suíomh Gréasáin díreach os cionn 141,000 amharc san iomlán le linn 2022. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, tá na leathanaigh chuardaigh idirghníomhacha don taifead ar líne ar na leathanaigh is mó a bhfuil tóir orthu i gcónaí ar an láithreán gréasáin. In 2022 dhírigh an Oifig ar chumarsáid a mhéadú trí ardáin na meán sóisialta. Le linn na bliana cruthaíodh trí chuntas meán sóisialta IPOI, agus tá an gcuntas Facebook (Meta) ann cheana féin. Dá bhrí sin is féidir an Oifig a aimsiú anois ar Twitter, LinkedIn agus, le déanaí, ar Instagram chomh maith. Bhí nuashonruithe oifige, gníomhaíochtaí for-rochtana agus nuashonruithe IP tráthúla i measc na bpostálacha is coitianta ar fud na n-ardán go léir. I rith mhí Mheán Fómhair, phostáil an IPOI “Conas atá ag éirí liom?” orgánach seachtainiúil postáil a phléann ceann de na ceisteanna a chuirtear go coitianta ar gach ceart MI. Cuireadh fáilte mhór roimh an bhfeachtas seo agus spreag sé an-chuid idirghníomhaíochta agus ath-phostálacha.












## 5.1 Clár um Maoin Intleachtúil san Oideachas

Le linn 2022, rinne an IPOI a chur chuige maidir lena ghníomhaíochtaí faisnéise agus for-rochtana a oiriúnú. Léirigh taighde comhghaol idir cumas cuideachta a maoin intleachtúil (MI) a chaipitliú agus a rath tráchtála atá ag teacht leis. Agus é seo á chur san áireamh agus an tuiscint a bheith againn nach bhfuil MI ar churaclam na scoile, mheas an IPOI go raibh sé tábhachtach teagmháil a dhéanamh agus tuiscint a thabhairt ar ábharthacht agus luach MI do dhaoine óga mar gurb iad aireagóirí, nuálaithe agus fiontraithe san am atá le teacht iad. Mar ullmhúchán don tionscadal seo d'fhreastail foireann IPOI ar dhianchúrsa oiliúna ag EUIPO mar chuid den chlár Ideas Powered @ School. Thug an oiliúint seo léargas agus tuiscint níos fearr ar conas faisnéis faoi MI a thabhairt go héifeachtach do dhéagóirí. In 2022, sheol an IPOI an tionscadal píolótach MI san Oideachas agus d'éirigh léi roinnt cur i láthair a chur ar siúl dar teideal "What is Intellectual Property?" (Cad is Maoin Intleachtúil ann). Tá na seisiúin seo dírithe go sonrach ar scoláirí Idirbhliana a ghlacann páirt go hiondúil in imeachtaí ar nós Eolaí Óg BT agus Gradaim Fiontraíochta na Mac Léinn, áit ar cheart machnamh a dhéanamh ar mhaoin intleachtúil ina gcuid iontrálacha. Mar thoradh ar a fheabhas agus a d'éirigh leis an gclár píolótach in 2022, rinneadh an tionscadal a mhéadú agus pleanáladh an cur i láthair a sheachadadh ar fud na tíre in 2023.



**Cur i láthair do scoláirí i Meánscoil na mBráithre, Cill Chainnigh**

Tá formáid an chuir i láthair an-idirghníomhach sa mhéid go raibh roinnt cainteoirí ag déanamh cuir i láthair ar na cearta MI éagsúla. Spreagtar na scoláirí chun páirt a ghlacadh sa chur i láthair trí chodanna ceiste agus freagra a chomhtháthú ar fud an chuir i láthair. Úsáidtear táirgí agus lógónna laethúla le linn an chur i láthair chun cabhrú leis na scoláirí dea-thuiscint a fháil ar na cearta MI éagsúla, amhail paitinní, trádmharcanna, cóipchearta, dearaí agus rúin trádála. Clúdaíonn an cur i láthair freisin intleacht shaorga agus conas is féidir MI a fhí isteach inár saol amach anseo.


# 6.0 Ráiteas Dualgais na hEarnála Poiblí

Tá Ráiteas Dualgais um Chomhionannas agus Cearta an Duine san Earnáil Phoiblí leagtha amach in Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 agus cuireann sé oibleagáid reachtúil ar chomhlachtaí poiblí deireadh a chur le hidirdhealú, comhionannas deiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna na ndaoine a gcuireann siad seirbhísí agus foirne ar fáil dóibh a chosaint agus iad i mbun a gcuid oibre laethúla. Ceanglaítear le hAcht 2014 ar chomhlacht poiblí, ag féachaint dá fheidhmeanna, a chuspóir, a mhéid agus a acmhainní atá ar fáil dó, tuairisciú inter alia ar fhorbairtí agus ar éachtaí i gcomhlíonadh na hoibleagáide reachtúla seo ina thuarascáil bhliantúil.

Geallann an IPOI a chinntiú go bhfuil cultúr measa ar chearta an duine agus ar chomhionannas i measc na foirne agus na ndaoine a gcuirimid seirbhísí ar fáil dóibh. Cinntíonn an IPOI nach bhfulaingíonn aon bhall den phobal ná aon pháirtí leasmhar eile idirdhealú in idirghníomhaíochtaí leis an Oifig faoi aon cheann de na forais chosanta ina chuid oibre ó lá go lá agus go háirithe agus é ag plé le páirtithe leasmhara: inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, gnéaschlaonadh, míchumas, aois, cine, reiligiún agus ballraíocht i measc an Lucht Taistil. Leathnaíonn an IPOI an chóir chéanna cóireála dá fhoireann. I measc na meicníochtaí a úsáideann an IPOI chun a dhualgas san earnáil phoiblí a chomhlíonadh tá:

- Cur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar na ceanglais maidir le comhionannas rochtana mar atá leagtha amach san Acht um Míchumas 2005.
- An dualgas a chumhdach i bPlean Seirbhíse do Chustaiméirí na hOifige le hionchur ó úsáideoirí seirbhíse agus ó gheallsealbhóirí.
- An beartas um dhínit na Státseirbhíse ag an obair, frithbhulaíocht, ciapadh agus ciapadh gnéasach d’fhostaithe IPOI a chur i bhfeidhm.

# 7.0 Eagrú Pearsanra




| Foireann | Líon na bpost |
|---|---|
| Ceannasaí | 1 |
| Scrúdaitheoir Sinsearach Paitinne | 1 |
| Príomhoifigeach Cúnta | 2 |
| Ardoifigeach Feidhmiúcháin | 5 |
| Scrúdaitheoir Paitinne | 3 |
| Oifigeach Feidhmiúcháin | 19 |
| Oifigeach Cléireachais | 15 |
| Oifigeach Seirbhísí | 1 |
| **Iomlán** | **47** |

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí na 47 post líonta ag 45.46 coibhéis lánaimseartha. Ina theannta sin, bhí 6 ball foirne buana – 3 Oifigeach Feidhmiúcháin agus 3 Oifigeach Cléireachais ag baint leasa as scéim roinnte oibre. Soláthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta seirbhísí teicneolaíochta faisnéise don Oifig . Tá 4 bhall d'Aonad TF na Roinne lonnaithe san Oifig.

* Ceapadh le Márta 2022
** Ceapadh le Iúil 2022

# 8.0 Éifeachtúlacht Fuinnimh

Tá ról lárnach ag foireann na hOifige maidir le déanamh de réir Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Fuinnimh an Rialtais. Tá sé mar sprioc ag an bplean ídiú fuinnimh a laghdú, feasacht foirne ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht trealaimh téimh/aerchóirithe. Rinneadh coigilteas suntasach mar thoradh ar bhearta coigilte fuinnimh ó 2008, tráth a chuaigh an Oifig isteach san fheachtas Cumhacht ag an Obair@a Bharrfheabhsú den chéad uair. Is tionscnamh tras-Roinne é seo atá á reáchtáil ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Tá sé mar aidhm aige iompar foirne a athrú i leith úsáid fuinnimh agus deireadh a chur le cur amú fuinnimh in oifigí poiblí. Ceaptar Comhairleoir Fuinnimh ar gach foirgneamh rannpháirteach agus leagann sé/sí spriocanna coigiltis fuinnimh amach. Cuireann an Comhairleoir Fuinnimh comhairle ar an bhfoireann freisin maidir le conas is féidir coigilteas fuinnimh a bhaint amach, trí bhearta ar chostas íseal nó gan aon chostas orthu

Ba é an tionscnamh ba shuntasaí a tugadh isteach in 2022 ná feachtas SEAI, Reduce Your Use (RYU) a chur i bhfeidhm. Is é príomhchuspóir an fheachtais seo suíomhanna teochta spáis a laghdú go 19 gcéim, nuair is féidir, agus líon na n-uaireanta a bhfuil an córas teasa ar siúl a laghdú. Bhí na torthaí go dtí seo an-dearfach agus tá laghduithe maithe fuinnimh le sonrú ar ídiú leictreachais agus gáis araon.

Bunaithe ar shonraí deireadh na bliana 2022, shábháil an Oifig 52% ar an iomlán ar ídiú fuinnimh ó chuaigh sí isteach san fheachtas. D'éirigh leis an Oifig 10% sa mbreis a shábháil i gcomparáid le figiúirí tomhaltais na bliana 2021. Is mar gheall ar laghdú 63% ar ídiú leictreachais (foirgneamh iomlán) agus coigilteas 14% ar théamh a baineadh sé seo amach. I mbliana, tá an IPOI mar aon leis na hoifigí eile san fhoirgneamh tar éis a laghdú de bhreis is 55% a bhaint amach ar a lorg carbóin i gcomparáid leis an mbliain tagarmhairc. Is ionann sin agus 170 tonna CO2. Ba éacht iontach é seo le linn tréimhse an-deacair nuair a bhí orainn an foirgneamh a aeráil i gceart chun an riosca a bhaineann le Covid -19 a laghdú agus leibhéil chompoird a choinneáil don fhoireann ag an am céanna. Tá toradh maith ar Oifigeach Seirbhísí a cheapadh atá freagrach as na córais téimh agus leictreacha a stiúradh agus a rialú, agus chuir sé seo go mór leis na laghduithe suntasacha in 2022. Ina theannta sin cuideoidh sé go mór le laghduithe breise a bhaint amach le linn 2023.

Táthar ag súil go mbeidh laghduithe suntasacha breise ar leictreachas allmhairithe ón ngreille mar thoradh ar chóras fótavoltach Gréine don fhoirgneamh iomlán a shuiteáil, rud atá beartaithe

# 9.0 Iniúchadh Inmheánach

Rinne Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) na Roinne iniúchadh ar an Oifig i mí na Samhna 2022. Chuir an IAU dearbhú neamhspleách ar fáil maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm san IPOI. Ba iad seo a leanas na cuspóirí a comhaontaíodh don iniúchadh:

- teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na struchtúr cumarsáide idir Aonad Idirchaidrimh na Roinne agus an IPOI agus monatóireacht ar fheidhmíocht an IPOI maidir le riachtanais an Mheabhráin Tuisceana.
- teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na rialuithe atá i bhfeidhm agus na gcóras a úsáidtear san IPOI chun cuntas a thabhairt ar fháltais agus ar chaiteachas.
- breithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an phróisis a bhunaigh an IPOI chun a chinntiú go gcuirtear a hoibleagáidí faoin reachtaíocht ábhartha i bhfeidhm.
- teacht ar thuairim maidir le cibé ar shainaithin an t-iniúchadh moltaí eile chun cleachtais agus nósanna imeachta san Oifig a fheabhsú, d'fhonn oibleagáidí na Roinne a chomhlíonadh.
- seiceáil sláinte ardleibhéil a dhéanamh ar phróisis bhainistíochta taifead atá i bhfeidhm.

Agus athbhreithniú an-dearfach a bheith déanta, bhí ar chumas an Iniúchta Inmheánaigh dearbhú neamhspleách a thabhairt maidir le leordhóthanacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe atá i bhfeidhm ar fud na hOifige.



**Foireann Bainistíochta Shinsearach IPOI**
*Sa phictiúr ó chlé: an tUasal John Nolan, Ceann Scrúdú Trádmharc agus Dearaidh , Ms Claire O'Reilly Ceann na Rannóige Riaracháin, An Dr Dolores Cassidy, Scrúdaitheoir Sinsearach na bPaitinní, agus an tUasal James Kelly, Rialaitheoir.*

# 10.0 Staidreamh Gnó

## 10.1.1 Paitinní

Amhail an 31 Nollaig 2022, bhí 445 iarratas ar phaitinn ar feitheamh idir lámha san IPOI. Is ionann sin agus laghdú 11% ar fhigiúr na bliana 2021, is é sin, 505 iarratas. Bhí 185 iarratas ag fanacht le fianaise ar úrnuacht a chur isteach. Ba ionann sin agus laghdú 219 ceann i gcomparáid le 2021. Tá laghdú ag teacht go seasmhach le roinnt blianta anuas ar an líon ard stairiúil seo. Ba é 169 líon na n-iarratas a fuarthas ó iarratasóirí sa Stát i gcomparáid le 164 in 2021.


Tábla 6. Paitinní

| IARRATAIS FAIGHTE | | | BLIAIN | PAITINNÍ DEONTA | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ar Théarma Iomlán | Ar Ghearrthéarma | Iomlán | | Ar Théarma Iomlán | Ar Ghearrthéarma | Iomlán |
| 129 | 163 | 292 | 2020 | 42 | 73 | 115 |
| 116 | 112 | 228 | 2021 | 43 | 48 | 91 |
| 89 | 117 | 206 | 2022 | 37 | 34 | 71 |


### 10.1.2 Iarratais ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha

Fuarthas 62 iarratas san iomlán ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha i rith na bliana faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpacha (Deimhnithe Cosanta Forlíontacha), 1992 (míochaineach) agus 1996 (táirgí cosanta plandaí). I rith na bliana, deonadh 8 deimhniú (cosaint míochaineach agus plandaí), diúltaíodh do 5 iarratas agus tarraingíodh siar 7 iarratas. Ag deireadh na bliana bhí 188 iarratas ar feitheamh, i gcomparáid le 146 in 2021.

**Figiur 1. Iarratais Náisiúnta ar Phaitinní agus Dheimhnithe Forlíontacha Cosanta 2020-2022**




Figiúr 2 níl iarratais Eorpacha le sainiú ar Éirinn (cuireadh an deis seo ar fáil don chéad uair i 1992) san áireamh sna cairteanna thuas ach seo thíos na figiúirí fana gcoinne. Iontráladh na paitinní seo i gClár Náisiúnta na bPaitinní.




Rinneadh 193,442 Iarratas Paitinne Eorpach a ainmnigh Éire in 2022 (72,874 iarratas Euro-díreach agus 120,568 iarratas ar Chonradh um Chomhar Paitinne ag teacht isteach sa chéim réigiúnach). Ba é 193,460 líon iomlán na nIarratas Eorpach ar Phaitinní in 2022. I gcás gach stáit chonarthaigh de chuid an Choinbhinsiúin um an bPaitinn Eorpach is iondúil gurb ionann líon na n-ainmniúchán in iarratais agus beagnach 100% d'iomlán na n-iarratas ós rud é go n-ainmnítear gach tír go huathoibríoch ar dtús. Bronnadh 81,512 Paitinn Eorpach in 2022 ina raibh Éire ainmnithe.

**Figiúr 3 Iarratais Eorpacha a rinne sainiú ar Éirinn 1994-2022**



### Tábla 7. Paitinní a deonadh i 2022 a raibh feidhm leo sa Stát

| 2022 | Iomlán | Líon na bpaitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát | % de nan paitinní a deonadh d'iarratasóirí ó laistigh den Stát |
|---|---|---|---|
| Deonta ag m'Oifig-se | 71 | 36 | 51% |
| Deonta ag an OPE | 81,512 | 401 | 0.49% |
| Iomlán Deonta | 81,583 | 437 | 0.50% |

### Tábla 8. Paitinní

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Paitinní agus iarratais ar phaitinní ina n-ábhar sannta | 1,830 | 1,499 | 1,161 |
| Paitinní tugtha suas | 0 | 1 | 0 |
| Paitinní tite ar lár | 133,313 | 128,720 | 109,497 |
| Paitinní curtha ar ais | 15 | 15 | 19 |
| Paitinní athnuaite | 58,163 | 61,129 | 61,730 |
| Paitinní éagtha | 1,508 | 1,524 | 1,581 |
| Paitinní agus DCF i bhfeidhm | 217,730 | 197,556 | 167,727 |
| Éisteachtaí | 4 | 3 | 0 |
| Iarratais PCT a fuarthas le cur chuig EDMI | 8 | 12 | 9 |
| Iarratais ar Phaitinní Eorpacha a fuarthas le cur chuig OPE | 0 | 0 | 0 |

### 10.1.3 Clár na nGníomhairí Paitinne


Ag deireadh 2022, bhí 82 duine aonair agus 8 gcomhpháirtíocht cláraithe i gClár na nGníomhairí Paitinne. Amhail in 2021, reáchtáladh scrúduithe Dlí & Cleachtais na bPaitinní ar líne i mí Aibreáin. Rinne 5 iarrthóir san iomlán an scrúdú agus ba é 80% an ráta rathúlachta foriomlán a baineadh amach.



## 10.1.4 Aicmiú Ar Na Paitinní A Dheonaigh Sa Bhliain 2022 Dar Leis An Aicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP)

| AICMIÚ | An líon deonuithe san Aicmiú* |
|---|---|
| A. RIACHTANAIS DAONNA m.sh. Ábhair bia, Sláinte, Nithe Pearsanta | 25 |
| B. FEIDHMIÚ OIBRÍOCHTAÍ; IOMPAR: m.sh. Teicneolaíocht múnlaithe, priontála, feithicle | 13 |
| C. CEIMIC; MIOTALÓIREACHT | 11 |
| D. TEICSTÍLÍ; PÁIPÉAR | 0 |
| E. TÓGÁIL SHEASTA: m.sh. Foirgníocht, druileáil, mianadóireacht | 15 |
| F. INNEALTÓIREACHT MHEICNIÚIL; SOILSIÚ; TÉAMH, ARMÁIN; PLÉASCADH | 4 |
| G. FISIC: m.sh. Optaic, ríomhaireacht, fisic núicléach | 11 |
| H. LEICTREACHAS: m.sh. Ciorcaid leictreonacha, giniúint agus dáileadh leictreachais | 8 |

***Nóta ar Aicmiú Paitinne**
Déantar aicmiú ar phaitinní bunaithe ar a n-ábhar teicniúil. Ceadaíonn aicmiú den chineál sin aisghabháil paitinní de réir nádúr na n-aireagán a nochtar iontu. Is é an tAicmiú Idirnáisiúnta Paitinne (AIP) an córas caighdeánach do rangú paitinne. Tá sé comhdhéanta de thart ar 70,000 siombal aicmithe roinnte ar 8 rannóg bunúsacha (A go H), a bhaineann le cineálacha difriúla bunúsacha teicneolaíochta. Tugtar cód aicmithe ar gach ní airgtheach i bpaitinn. Is féidir dhá aireagán nó níos mó a bheith i bpaitinn chomh fada is atá leorghaol eatarthu; mar shampla, comheascán nua ceimice agus a úsáid mar mhíochaine nó mar luibhicíd, nó léasar nua agus a úsáid i máinliacht súl nó léamh sonraí. Dá réir sin, is féidir go dteastódh líon áirithe siombal aicmiúcháin lena n-ábhar ar fad a chlúdach. Déanann an tábla agus an graf atá leis seo comhordú ar líon iomlán na n-aicmí a leithdháileadh do phaitinní í 2022. Seasann gach rangú ar leith do ní airgtheach a nochtar i bpaitinn, agus dá bhrí sin is ionann seo cuid mhaith agus cuntas scóir ar airgtheacht. Tá na haicmí curtha i ngrúpaí de réir rannóga AIP.



## 10.2 Trád Mharcanna

Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhstaitisticí gnó maidir le Trádmharcanna don bhliain faoi athbhreithniú. Amhail an 31 Nollaig 2022, fuarthas 2,019 Iarratas ar Thrádmharc Náisiúnta san iomlán, méadú 637 i gcomparáid le 2021. Astu seo, cláraíodh 1,675 iarratas. Fuarthas 1,123 Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta san iomlán, méadú beag ar fhigiúirí 2021. Astu seo, bhí 940 Clárú Trádmharc Idirnáisiúnta cosanta.


### Tábla 9. Iarratais Náisiúnta

| Bliain | Iarratais a Fuarthas | Fograithe | Curtha ina gCoinne | Dearaí Cláraithe |
|---|---|---|---|---|
| 2020 | 2,370 | 1,860 | 30 | 1,760 |
| 2021 | 2,656 | 2,188 | 53 | 1,803 |
| 2022 | 2,019 | 1,590 | 43 | 1,675 |

### Tábla 10. Clárúcháin Idirnáisiúnta ina sainíodh Éire

| Bliain | Iarratais a Fuarthas | Fograithe | Curtha ina gCoinne | Dearaí Cláraithe |
|---|---|---|---|---|
| 2020 | 1,059 | 990 | 5 | 1039 |
| 2021 | 1,079 | 909 | 5 | 868 |
| 2022 | 1,123 | 947 | 13 | 940 |

**Figiúr 4 Iarratais Náisiúnta arTrámharcanna 2020-2022**




### 10.2.1 Aicmiú Trád Maharcanna Cláraíodh In 2022

Rinne conradh iltaobhach ar a ghairtear "Comhaontú Nice Maidir le hAicmiú Idirnáisiúnta Earraí agus Seirbhísí chun Críocha Clárú Marcanna". Tá Aicmiúchán Nice comhdhéanta de 45 ceannteideal aicmiúcháin a dhéanann cur síos an-leathan ar nádúr na n-earraí nó na seirbhísí atá i ngach ceann de na 34 aicme earraí agus na 11 aicme seirbhísí inar féidir trádmharcanna a chur. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (11ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

#### Tábla 11. Aicmiú Trád Mharcanna, 2022

| Class | Classification of Goods | No. of marks in classification | Class | Classification of Goods | No. of marks in classification |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Táirgí Ceimiceacha, srl. | 48 | 24 | Fíocháin (gréasáin), srl. | 28 |
| 2 | Péinteanna, srl. | 8 | 25 | Éadaí, ag áireamh Buataisí, Bróga agus Slipéir | 136 |
| 3 | Ullmhóidí Tuartha, srl. | 71 | 26 | Lása agus Bróidnéireacht, srl. | 7 |
| 4 | Olaí Tionsclaíochta, srl. | 34 | 27 | Cairpéid, srl. | 9 |
| 5 | Substaintí Cógaisíochta, srl. | 173 | 28 | Cluichí, srl. | 63 |
| 6 | Miotail Choitianta agus a gcóimhiotail Neamhoibrithe agus Páirt Oibrithe | 55 | 29 | Feoil, Iasc, Éineoil agus Géim, srl. | 132 |
| 7 | Meaisíní agus Inneal Úirlisí, srl. | 39 | 30 | Caifé, Tae, Cócó, Siúcra, Rís, srl. | 193 |
| 8 | Uirlisí agus Ionstraimí Láimhe, Sceanra, srl. | 21 | 31 | Táirgí Talmhaíochta, srl. | 55 |
| 9 | Fearas agus Ionstraimí Eolaíochta, srl. | 236 | 32 | Beoir, srl. | 94 |
| 10 | Uirlisí Máinliachta, srl. | 27 | 33 | Fíonta, Biotáille agus Licéir | 95 |
| 11 | Fearas Soilsithe | 62 | 34 | Tobac, srl. | 9 |
| 12 | Feithiclí; Fearas Gluaiseachta ar Thalamh, san Aer agus ar Uisce | 43 | 35 | Fógraíocht, Bainistiú Gnó, srl. | 337 |
| 13 | Airm Thine, Lón Lámhaigh agus Diúracáin; Substaintí Pléascacha; Spréachairí | 2 | 36 | Árachas, Gnóthaí Airgeadais, srl. | 167 |
| 14 | Miotail luachmhara agus a gCóimhiotail, srl. | 30 | 37 | Tógáil Foirgníochta, Deisiúchán, l Seirbhísí suiteála. | 104 |
| 15 | Uirlisí Ceoil (seachas meaisíní cainte agus fearas raidió) | 2 | 38 | Teileachumarsáidí | 56 |
| 16 | Páipéar, srl. | 149 | 39 | Iompar, Pacáistiú agus Stóráil Earraí, srl. | 102 |
| 17 | Guma Peirc, Cúitiúc, srl. | 27 | 40 | Cóiriú Ábhar | 66 |
| 18 | Leathar, srl. | 45 | 41 | Oideachas, Siamsaíocht, srl. | 261 |
| 19 | Ábhair Thógála, srl. | 62 | 42 | Seirbhísí eolaíochta agus teicneolaíochta | 182 |
| 20 | Troscán, Srl. | 93 | 43 | Soláthar bia agus dí | 133 |
| 21 | Acraí Beaga Tí, srl. | 72 | 44 | Seirbhísí míochaine, srl. | 129 |
| 22 | Rópaí, srl. | 8 | 45 | Seirbhísí pearsanta agus sóisialta | 87 |
| 23 | Snáitheanna | 1 | | | |

Figiúr 5. Na 5 Phríomh-Aicme Earraí Agus Seirbhísí 2022




## Tábla 12. Trád Mharcanna

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Líon na dtrádmharc ina n-ábhar sannta | 1,103 | 1,604 | 1,161 |
| Líon na gceadúnas ar thrádmhairc taifeadta sa chlár | 43 | 6 | 10 |
| Clárúcháin Trádmharc asbhainte de dheasca neamhíocaíocht na dtáillí athnuachana | 3,504 | 2,793 | 2,380 |
| Clárúcháin trádmharc tugtha suas | 1 | 4 | 19 |
| Clárúcháin trádmharc tugtha ar ais | 7 | 5 | 3 |
| Clárúcháin trádmharc athnuaite | 4,319 | 3,642 | 4,144 |
| Trádmhairc Náisiúnta cúlghairthe go hiomlán nó i bpáirt | 3 | 3 | 3 |
| Trádmhairc Náisiúnta fógraithe neamhbhailí | 2 | 2 | 0 |
| Trádmhairc Idirnáisiúnta fógraithe neamhbhailí | 1 | 0 | 0 |
| Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm | 0 | 0 | 0 |
| Trádmhairc náisiúnta cláraithe i bhfeidhm | 51,655 | 50,620 | 50,619 |
| Trádmhairc Idirnáisiúnta i bhfeidhm | 20,815 | 20,603 | 20,417 |
| Iomlán na dTrádmharc i bhfeidhm | 72,470 | 71,223 | 71,036 |

| Éisteachtaí agus Ilnithe | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| *Éisteachtaí (ex-parte)* | 10 | 11 | 7 |
| *Éisteachtaí (inter-partes)* | 3 | 2 | 0 |
| *Eisteachtai (inter-partes ar mhodh aighneacht i scribhínn)* | 12 | 7 | 5 |
| Iarratais le hiarratais Trádmhairc na bPobal Eorpacha a aistriú go hiarratais náisiúnta | 31 | 53 | 35 |
| Iarratais idirnáisiúnta trádmhairc ina raibh Éire ina hOifig Tionscnaimh comhadaithe atá curtha chuig EDMI | 91 | 55 | 64 |

### 10.2.2 Clár na nGníomhairí Trádmharcanna

Ag deireadh 2022, bhí 226 duine aonair agus 14 chomhpháirtíocht cláraithe ar an gClár. Amhail in 2021 reáchtáladh scrúduithe Dlí & Cleachtais na dTrádmharcanna ar líne i mí Aibreáin 2022. Rinne 32 iarrthóirí san iomlán an scrúdú agus ba é 53% an ráta rathúlachta foriomlán a baineadh amach.

# 10.3 Dearaí


Leagtar amach sna táblaí seo a leanas na príomhstaitisticí gnó maidir le Dearthaí Tionscail don bhliain faoi athbhreithniú. Amhail an 31 Nollaig 2022, fuarthas 50 iarratas Dearaí Náisiúnta, lena n-áirítear 106 Dearaí. Cláraíodh 102 dearaí i rith na bliana. Tá iomlán de 1,587 Dearaí Náisiúnta fós i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

### Tábla 13. Sonraí Clár Dearaidh

| | 2020 | 2021 | 2022 |
|---|---|---|---|
| Iarratais ar Dhearaí | 67 | 69 | 50 |
| Líon na ndearaí iarrtha* | 248 | 114 | 106 |
| Dearaí cláraithe | 234 | 117 | 102 |
| Dearaí tite ar lár | 89 | 96 | 91 |
| Dearaí athnuaithe | 105 | 67 | 75 |
| Dearaí I bhfeidhm | 1,641 | 1,576 | 1,587 |

*Nóta- Déarann Riaill 19 de Rialacháin um Dhearadh Tionsclaíoch 2002 soláthar gur feidir 2 dhearadh nó níos mó faoi réir ad uaslíon de 100 dearadh a bheith comhcheangalite in aon iarratas amháin ar clárú dearaí.

## Figiúr 6 Iarratais Naisiúnta ar Dearaí 2020-2022



### 10.3.1 Dearaí A Cláraíodh Faoi Acht Dearadh Tionsclaíoch, 2001 I Gcaitheamh Na Bliana 2022

Bhunaigh conradh iltaobhach dá ngairtear "Comhaontú Locarnó ag bunú Aicmiúcháin Idirnáisiúnta do Dhearaí Tionsclaíocha" córas aicmiúcháin do dhearaí tionsclaíocha. Tá Aicmiú Locarnó comhdhéanta de liosta de 32 cineál earraí inar féidir dearaí tionsclaíocha a ionchorprú. Riarann An Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) an t-aicmiúchán agus tá an t-eagrán reatha (12ú) i bhfeidhm ó Eanáir 1, 2018.

#### Tábla 14. Dearthaí a Aicmiú

| Rang | Aicmiúchán | Dearaí Cláraithe* |
|---|---|---|
| 1 | Ábhair Bia | 0 |
| 2 | Baill éadaigh agus Mionéadaí | 4 |
| 3 | Earraí Taistil, Cásanna, Parasóil agus Earraí Pearsanta, nach bhfuil sonraithe in áit eile | 13 |
| 4 | Earraí scuaibe | 0 |
| 5 | Earraí Gréasáin Teicstíle, Leatháin Shaorga agus Nádúrtha | 9 |
| 6 | Feistis | 10 |
| 7 | Earraí Tí, nach bhfuil sonraithe in áit eile | 0 |
| 8 | Uirlisí agus Crua-earraí | 3 |
| 9 | Pacáistí agus Gabhdáin d'Iompar nó do Láimhseáil Earraí | 4 |
| 10 | Cloig, Uaireadóirí agus Ionstraimí eile Tomhais, Ionstraimí Seiceála agus Comharthaíochta | 0 |
| 11 | Earraí Maisiúcháin | 31 |
| 12 | Modhanna Iompair nó Árdaithe | 0 |
| 13 | Trealamh do Tháirgeadh, Dáileadh nó Tarchur Leictreachais | 3 |
| 14 | Trealamh chun Taifeadadh, Cumarsáide nó Aisghabháil Faisnéise | 0 |
| 15 | Meaisíní, nach bhfuil sonraithe in áit eile | 0 |
| 16 | Gaireas Fótagrafaíochta, Cineamatagrafaíochta agus Optaice | 0 |
| 17 | Uirlisí Ceoil | 0 |
| 18 | Meaisíní Priontála agus Oifige | 0 |
| 19 | Stáiseanóireacht agus Trealamh Oifige, Ábhair Ealaíontóirí agus Múinteoireachta | 1 |
| 20 | Trealamh Díolacháin agus Fógraíochta, Comharthaí | 1 |
| 21 | Cluichí, Bréagáin, Pubail agus Earraí Spóirt | 4 |
| 22 | Airm, Earraí Piortheicniúla, Earraí chun Fiaigh, Iascaireachta agus Marú Lotnaidí | 0 |
| 23 | Trealamh Dáilithe Leachta, Trealamh Sláintíochta, Téimh, Aerála agus Aerchóirithe, Breosla Soladach | 3 |
| 24 | Trealamh Míochaine agus Saotharlainne | 0 |
| 25 | Aonaid Foirgníochta agus Eilimintí Tógála | 3 |
| 26 | Fearas Soilsithe | 1 |
| 27 | Tobac agus Soláthairtí do Lucht Caite Tobac | 0 |
| 28 | Táirgí Cógaisíochta agus Cosmáide, Earraí agus Fearas Maisiúcháin | 4 |
| 29 | Gléasanna agus Trealamh in aghaidh Guaise Tine, Cosc ar Thionóisc agus chun Tarrthála | 0 |
| 30 | Earraí um Chúram agus Láimhseáil Ainmhithe | 1 |
| 31 | Meaisíní agus Fearas Ullmhúchán Bia agus Dí, nach bhfuil sonraithe in áit eile | 0 |
| 32 | Siombalacha Grafacha agus Comharthaí, Patrúin Dreacha, Ornadaíocht | 7 |
| | **IOMLÁN** | **102** |

* Is feidir dearadh a bheith cláraithe i níos mó ná aicme amháin, agus dá bhrí sin sáraíonn líon na ndearaí sna ranganna líon na ndearaí atá cláraithe

## 10.4 Cóipcheart

### 10.4.1 Comhbhainistíocht Ceart (CRM)

Le Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Comhbhainistíocht Ceart) (Treoir 2014/26/AE), 2016 (I.R. Uimh. 156 de 2016), trasuíodh an Treoir maidir le Comhbhainistíocht Ceart isteach i ndlí na hÉireann le héifeacht ón 10 Aibreán 2016.

Leis na Rialacháin, déantar Treoir 2014/26/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhbhainistiú cóipchirt agus ceart gaolmhar agus ceadúnú ilchríochach ceart i saothair cheoil lena n-úsáid ar líne sa mhargadh inmheánach ("an Treoir CRM") a ionchorprú i ndlí na hÉireann. Tá dhá aidhm leis an Treoir CRM:

- a chinntiú go ngníomhaíonn eagraíochtaí comhbhainistíochta le leas a n-úinéirí ceart trí íoschaighdeán rialachais agus trédhearcachta a fhorfheidhmiú maidir le gach eagraíocht comhbhainistíochta Eorpac
- cabhrú le ceadúnú ilchríochach chearta na n-údar i saothair cheoil le haghaidh úsáidí ar line.

Foráiltear leis na Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart gurb é an Ceannasaí an t-údarás inniúil in Éirinn i dtaca le faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na rialachán. Foráiltear leis na Rialacháin freisin nach mór do na heagraíochtaí comhbhainistíochta go léir a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn ráiteas bliantúil comhlíonta a chur faoi bhráid an Cheannasaí, in éineacht le hathnuachan a ndoiciméad clárúcháin. Tá feidhm ag na ceanglais chomhlíonta sna Rialacháin maidir le Comhbhainistíocht Ceart maidir le 9 cinn de na 16 chomhlacht ceadúnúcháin chóipchirt chláraithe atá ag feidhmiú sa Stát.

### 10.4.2 Tagairtí don Cheannasaí faoin Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000

Díospóidí idir daoine atá ag seinm taifeadtaí fuaime go poiblí agus úinéir an chóipchirt atá ar marthain sna taifeadtaí maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha le húinéir an chóipchirt, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 38 den Acht. Díospóidí idir daoine nó eagraíochtaí a dteastaíonn ceadúnas uathu faoi scéim atá i bhfeidhm agus oibreoir na scéime sin maidir leis an luach saothair cothromasach atá iníoctha, féadfar iad a tharchur chuig an gCeannasaí lena chinneadh faoi alt 151 agus 152 den Acht. In 2021, níl aon díospóidí amuigh faoi láthair.

### 10.4.3 Cláir na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt

Déantar foráil leis an Acht freisin do na Cláir seo a leanas a bheith á mbunú agus á gcoinneáil ar bun ag an gCeannasaí;

- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin Chóipchirt.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta Maoine Taibheoirí.
- Clár na gComhlachtaí Ceadúnúcháin um Chearta do Bhunachair Sonraí.

In 2022, cláraíodh 14 chomhlacht ar Chlár na gComhlachtaí Ceadúnaithe Cóipchirt, cláraíodh 2 chomhlacht ar Chlár na gComhlachtaí Ceadúnaithe um Chearta Maoine Taibheoirí agus ní raibh aon iontrálacha i gClár na gComhlachtaí Ceadúnaithe um Chearta Bunachar Sonraí. Is féidir féachaint ar na Cláir ag:

*https://www.ipoi.gov.ie/en/types-of-ip/copyright1/copyright-licensing-bodies/register-of-copyright-licensing-bodies/.*

### 10.4.4 Saothair Dhílleachtacha

Is é is Saothair Dhílleachtacha ann ná saothair amhail leabhair, scannáin, ailt nuachtáin agus ábhar cruthaitheach eile a chosnaítear le cóipcheart sa chás nach féidir úinéir na saothar a fháil ná teagmháil a dhéanamh leis chun cead a fháil na saothair a úsáid. D'fhéadfadh go mbeadh na saothair sin mar chuid de bhailiúcháin atá i seilbh Eagraíochtaí Tairbhíocha amhail leabharlanna, músaeim, cartlanna, institiúidí oidhreachta scannáin agus fuaime, agus eagraíochtaí craoltóireachta seirbhíse poiblí. Leagtar amach i dTreoir an AE (Treoir 2012/28/AE) rialacha comhchoiteanna maidir le húsáid saothair dílleachtaí ag eagraíochtaí cultúrtha chun na hoibreacha sin a dhigitiú chun críocha neamhthráchtála gan cóipcheart a shárú. Tar éis cuardach díograiseach a chríochnú chun úinéireacht nó nádúr díleachta na noibre a bhunú, ní mór d'eagraíocht ar bith ar mian leo obair díleachta a chlárú sa Bhunachar Sonraí na Saothar Dílleachtach a chur ar líne chuig an EUIPO ar dtús a bheith cláraithe mar "Eagraíocht Tairbhíocht". Cláraíodh ocht eagraíocht Éireannacha mar Eagraíochta Tairbhíocha le linn na bliain 2022.



# 11.0 An Bosca Forbatha Eolais

Bunaíonn an tAcht um Bosca Forbartha Eolais (Dearbhí Aireagán) 2017, (Uimh. 6 de 2017) (an tAcht KDB) scéim deimhniúcháin le fiontair bheaga agus mheánmhéide, a bhfuil aireagáin i bhfoirm maoine intleachtúla (IP) atá coibhéiseach le aireagán paitinnithe a chumasú chun cáiliú don KDB agus leas a bhaint as an ráta laghdaithe cánach corparáide. Is FBManna incháilithe iad siúd a bhfuil ioncam acu ag teacht ó mhaoin intleachtúil de níos lú ná €7.5m agus le láimhdeachas domhanda níos lú ná €50m nuair a eascraíonn an brabús ó T&F. Forálann an tAcht go ndéanfaidh an Ceannasaí Paitinní, Dearthaí agus Trádmharcanna maoirseacht agus feidhmiú ar an scéim dheimhniúcháin seo. Ní féidir deimhniú KDB a eisiúint ach amháin sa chás gur aireagán úr, neamh-soiléir agus úsáideach é an t-aireagán. Ní hionann iarratas ar Dheimhniú KDB agus iarratas ar fhaoiseamh cánach agus ní bhronann deimhniú KDB aon chearta maoine intleachtúla ar shealbhóir deimhnithe.

## 11.1 Tuarascáil KDB

Ceanglaítear le halt 18 den Acht KDB orm faisnéis staidrimh a chur san áireamh maidir le líon na n-iarratas a fuarthas, a tarraingíodh siar nó a diúltaíodh, líon na ndeimhnithe a eisíodh agus faisnéis faoi líon na n-iarratas a ndearnadh athbhreithniú orthu agus toradh gach athbhreithnithe sa tuarascáil don Aire, a rinneadh de réir Alt 103(1) d'Acht na bPaitinní 1992. Ní nochtfaidh an tuarascáil aon sonraí faoi aireagán is ábhar d'iarratas. In 2022, ní bhfuarthas aon iarratais ar dheimhniú KDB.



# 12.0 Reachtaíocht

Ceanglaítear le hAlt 103(1)(b) d'Acht na bPaitinní 1992 ar an Rialaitheoir sonraí na reachtaíochta go léir a rinneadh in 2022 a áireamh agus tá an Rialaitheoir freagrach as a riarachán.

**Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Ceart Athdhíola d'Ealaíontóirí) (Leasú) 2022 (I.R. Uimh. 375 de 2022)**

Cuireann an Ceart Athdhíola d'Ealaíontóirí ar chumas do chruthaitheoirí saothair bhunaidh ealaíne amhairc agus plaistí, trí chóras íocaíochtaí ríchíosa, leas a bhaint as athdhíol na saothar sin nuair a dhíoltar iad tríd an margadh ealaíne gairmiúil.


Leis na Rialacháin seo, a tháinig i bhfeidhm an 21 Iúil 2022, leasaítear Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Ceart Athdhíola d'Ealaíontóirí) 2006 tuilleadh agus tabharfar tacaíocht níos fearr do chruthaitheoirí saothar bunaidh amharc-ealaíne agus ealaíne plaistí chun ríchíosanna athdhíola a éileamh a eascraíonn as athdhíol saothar a dhíoltar tríd an margadh ealaíne gairmiúil.

**Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021**


De réir Alt 3 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla (Leasú) 2021, is féidir leis an Rialaitheoir a dhearbhú gur chomhlíon an IPOI na hoibleagáidí go léir faoin Acht in 2022 agus nach raibh aon ábhair le tuairisciú.

# 13.0 Faisnéis Airgeadais

B'ionann glanfháltais ar fad a fabhraíodh don Státchiste in 2022 agus €10.336m laghdú de €69,000 nó 0.67% ar fhigiúr 2021 de €10.267m. Tagann an cion is mó d'ioncam táille na hOifige ó tháillí athnuachana ar Phaitinní Eorpacha. In 2022, fuair an Oifig glanmhéid €7.545m de tháillí athnuachana i leith Phaitinní Eorpacha deonaithe a ainmníonn Éire. Ba méadú 0.42% (€0.032m) é ar líon na bliana 2021. B'ionann an glanioncam iomlán as táillí athnuachana paitinne Eorpacha agus Náisiúnta agus €8.036m in 2022 agus leanann sé ag méadú gach bliain. Tá méadú 17% tagtha ar ghlanlíon na bliana 2022 thar líon comhfhreagrach na bliana 2018.




Tháinig méadú €0.058m nó 0.55% ar an gcomhioncam ó tháillí paitinne, dearaidh agus trádmhairc (lena n-áirítear táillí trádmhairc idirnáisiúnta) de €10.528m i gcomparáid le hioncam 2021, is é sin, €10.470m. B'ionann glanchostais na hOifige don bhliain 2022 agus €3.72m, arb ionann é sin agus méadú €0.19m ar mhéid chomhfhreagrach na bliana 2021, is é sin, €3.53m.



## 13.1 Fáltais Agus Speansais- An Bhliain Dar Críoch An 31 Nollaig 2022[5]

| Fáltais | €000 |
|---|---|
| Táillí Paitinne (Nótaí 1 & 2) | 8,036 |
| Táillí Trádmhairc | 1,546 |
| Clárúchán ar Thrádmhairc Idirnáisiúnta – táillí a fuarthas ó EDMI (Nóta 3) | 935 |
| Táillí Dearaidh | 11 |
| Táillí eile | 93 |
| Lúide aisíochtaí i leith táillí a íocadh i ndearmad | 84 |
| Lúide táillí idirbhearta i leith íocaíochtaí ar-líne le cártaí creidmheasa | 201 |
| **Fáltais ghlan fabhraithe don Státchiste** | **10,336** |

| Costais | €000 |
|---|---|
| Tuarastail | 2,380 |
| Taisteal & Cothabháil | 27 |
| Ilnithe & Focostais | 97 |
| Seirbhísí Poist agus Teileachumarsáide | 94 |
| Meaisíní Oifige agus Soláthairtí eile Oifige | 552 |
| Costais Áitreabh Oifige | 99 |
| Foinsí eolais, leabhair, tréimhseacháin, srl.. | 4 |
| Síntiúis do Chumainn Mhaoine Tionsclaíocha | 467 |
| **Iomlán** | **3,720** |

Nóta 1:Ag teacht leis an gCoinbhinsiún don Phaitinn Eorpach, ina bhfuil Éire rannpháirteach, tá ar Oifig 50% de na táillí uile athnuachana a fhaightear i leith Paitinní Eorpacha a ndearnathas bailí orthu in Éirinn agus atá iontráilte ar chlár náisiúnta na bpaitinní, a chur chuig Oifig Paitinní na hEorpa (OPE).

| | €000 |
|---|---|
| Táillí Paitinne | 15,581 |
| Lúide an cion de na táillí athnuachan paitinne a aistríodh go hOifig na bPaitinní Eorpacha | 7,545 |
| **Táillí Paitinne glan fabhraithe don Státchiste** | **8,036** |

Nóta 2:Feidhmíonn Oifig mar Oifig fháltas d'iarratais ar phaitinní a dhéantar faoin Chonradh Comhair Paitinní agus sa cháilíocht sin faigheann sí táillí le tarchur chuig Oifig Paitinní na hEorpa agus chuig An Eagraíocht Domhanda um maoin Intleachtúil araon. Ní fhabhraíonn na táillí do Státchiste na hÉireann agus dá bhrí sin níl siad san áireamh sa bhfigiúr ar an bhfáltas glan. Seo a leanas mionsonraí ar na táillí a aistríodh chuig an OPE agus an EDMI i rith 2022.

| | €000 |
|---|---|
| Táillí Bunaigh agus Sainithe CCP tarchurtha chuig EDMI, an Ghinéiv | 10 |
| Táillí cuardaigh CCP tarchurtha chuig OPE Munich | 12 |
| **Iomlán** | **22** |

Nóta 3:De bhun daingnithe na hÉireann ar an bPrótacal maidir le Comhaontú Maidrid maidir le Clárú Idirnáisiúnta ar Mharcanna (Prótacal Maidrid) ar an 19 Iúil 2001, faigheann an Oifig táillí dlite i leith iarratas Idirnáisiúnta Trádmhairc a lorgaíonn cosaint in Éirinn, ón Eagraíocht Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI).

5 Tá na figiúirí ioncaim agus caiteachais thuas san áireamh sna Cuntas Leithreasa RFTF 2022 neamhiniúchta. Foilseoidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste cuntais leithreasa an rialtais láir iniúchta tráth nach déanaí ná an 30ú lá de Mheán Fómhair, sa bhliain i ndiaidh na bliana airgeadais lena mbaineann na cuntais.

## 14.0 Spriocanna Feidhmiúcháin 2022

Leagtar amach i bPlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí na hOifige 2020-2022 cur chuige an IPOI maidir le príomhghníomhartha áirithe a sheachadadh agus bunaítear freisin réimse spriocanna feidhmíochta a bhaineann le seachadadh seirbhíse a thuairiscítear thíos.

| Paitinní | | % | | % |
|---|---|---|---|---|
| 1 | 90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre. | 88 | 100% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint d'iarratais ar Phaitinn ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre. | 92 |
| 2 | 90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ón gcomhdú | 60 | 100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ón gcomhdú. | 90 |
| 3 | 90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 7 lá oibre ón gcomhdú. | 46 | 100% d'fhógraí ar lochtanna substainteacha a eisiúint laistigh de 3 mhí ón gcomhdú | 65 |
| 4 | 90% de phaitinní a dheonú agus deimhnithe deonaithe a eisiúint laistigh de 1 lá ón táille deonaithe a fháil. | 100 | 100% de phaitinní a dheonú agus deimhnithe deontais a eisiúint laistigh de 3 lá ón táille deonaithe a fháil. | 100 |
| 5 | Deonú 80% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 12 mhí ó chomhdú iarratais. | 20 | Deonú 100% d'iarratais bhailí ghearrthéarmacha ar phaitinn a fhaomhadh laistigh de thréimhse 18 mí ó chomhdú iarratais. | 73 |
| 6 | 95% de na hiarratais phaitinne neamhrannacha go léir a aicmiú le haghaidh a bhfoilsithe laistigh de 18 mí tar éis an dáta tosaíochta/ comhdaithe. | 43 | 100% de na hiarratais phaitinne neamhrannacha go léir a aicmiú le haghaidh a bhfoilsithe laistigh de 21 mhí tar éis an dáta tosaíochta/comhdaithe. | 74 |
| 7 | 90% d'iarratais ar thascanna paitinne a chlárú a phróiseáil laistigh de 5 lá oibre tar éis iarratas atá go hiomlán comhlánaithe a chur isteach. | 90 | 100% d'iarratais ar thascanna paitinne a chlárú a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas iomlán comhlánaithe a chur isteach. | 97 |
| **Deimhnithe Cosanta Forlíontacha** | | **%** | | **%** |
| 8 | 90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe maidir le hiarratais SPC ríomh-chomhdaithe a eisiúint ar an chéad lá oibre eile. | 83 | 100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais SPC ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 3 lá oibre. | 96 |
| 9 | 90% de na fógraí faoi lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 10 lá oibre ón dáta comhdaithe an SPC. | 88 | 100% d'fhógraí ar lochtanna foirmiúla a eisiúint laistigh de 15 lá oibre ó dháta comhdaithe an SPC. | 100 |
| 10 | Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 90% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha 4 mhí ar a laghad roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí. *(Ní thagraíonn sé ach do na hiarratais sin a fhaightear níos luaithe ná 12 mhí roimh an dáta éaga.)* | 100 | Scrúdú teicniúil a dhéanamh ar 95% de na hiarratais go léir ar Dheimhnithe Cosanta Forlíontacha roimh dháta éaga na paitinne bunúsaí. | 100 |

| Trádmharcanna | | % | | % |
|---|---|---|---|---|
| 11 | 90% de na trádmharcanna a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 1 lá ón táille cláraithe a fháil. | 90 | 100% de na trádmharcanna a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 3 lá ón táille cláraithe a fháil. | 98 |
| 12 | Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 90% de na hadmhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 2 lá oibre. | 98 | Foirmiúlachtaí a sheiceáil agus 100% d'admhálacha foirmiúla comhdaithe d'iarratais ar Trádmharc ríomhchomhdaithe a eisiúint laistigh de 4 lá oibre. | 100 |
| 13 | 90% d'iarratais TM Náisiúnta a chinneadh maidir le glacadh nó agóid tosaigh laistigh de 40 lá oibre ó chomhdú an iarratais. | 78 | 95% d'iarratais TM Náisiúnta a chinneadh maidir le glacadh nó agóid tosaigh laistigh de 60 lá oibre ó chomhdú an iarratais. | 95 |
| 14 | Déan cuardach tosaigh maidir le 90% d'iarratais nua TM laistigh de 5 lá oibre ó iad a fháil. | 100 | Déan cuardach tosaigh maidir le 100% d'iarratais nua TM laistigh de 8 lá oibre ó iad a fháil. | 100 |
| 15 | 90% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 20 lá oibre ón éisteacht. | 100 | 100% de na cinntí in éisteachtaí a eisiúint laistigh de 30 lá oibre ón éisteacht. | 100 |
| 16 | 90% d'iarratais ar thascanna trádmhairc a chlárú a phróiseáil laistigh de 5 lá oibre ó iarratas iomlán comhlánaithe a bheith curtha isteach. | 91 | 100% d'iarratais ar thascanna trádmhairc a chlárú a phróiseáil laistigh de 7 lá oibre tar éis iarratas iomlán comhlánaithe a bheith curtha isteach. | 94 |
| **Dearaí Tionscail** | | **%** | | **%** |
| 17 | Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 90% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 2 lá oibre. | 64 | Seiceáil foirmiúlachtaí a dhéanamh agus admhálacha foirmiúla comhdaithe a eisiúint do 100% d'iarratais Dearaidh ríomhchomhdaithe laistigh de 4 lá oibre. | 95 |
| 18 | 90% de dhearaí a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 3 lá oibre tar éis an táille chlárúcháin a fháil. | 99 | 100% de dhearaí a chlárú agus deimhniú clárúcháin a eisiúint laistigh de 5 lá ón táille cláraithe a fháil. | 100 |
| **Cóipcheart** | | **%** | | **%** |
| 19 | Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnuachan Clárúcháin a eisiúint do 90% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt 5 lá oibre roimh dháta éaga an chláraithe.[1] | 100 | Scrúdú iomlán a dhéanamh ar thuarascálacha comhlíontachta agus ar riachtanais chlárúcháin agus Deimhnithe Clárúcháin nó Athnuachan Clárúcháin a eisiúint do 100% de na comhlachtaí ceadúnaithe cóipchirt roimh dháta éaga an chláraithe. | 100 |
| **Ábhar ginearálta** | | **%** | | **%** |
| 20 | 90% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 2 lá oibre. | 98 | 100% de na hadmhálacha íocaíochta a eisiúint i leith táillí a fuarthas (seachas íocaíochtaí ar líne) laistigh de 4 lá oibre. | 100 |

1 Tá an sprioc seo ag brath ar iarratais ar chlárú agus athnuachan cláraithe a bheith á gcur isteach níos mó ná 30 lá roimh an dáta athnuachana.

# Déan teagmháil Linn

Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann
Oifigí an Rialtais
Bóthar Hebron
Cill Chainnigh
Éire R95 H4XC

**T:** (00353) 56 7720111
**E:** ipinfo@ipoi.gov.ie

**www.ipoi.gov.ie**

**Rialtas na hÉireann**
Government of Ireland